

Plean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2018-22





Plean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2018-22

Clár Ábhair

Réamhrá	5
An Comhthéacs Institiúideach	6
Comhthéacs an Bheartais Náisiúnta	9
A bhfuil baint amach faoi Phlean Straitéiseach na hOllscoile 2012-17	11
Plean Straitéiseach na hOllscoile 2018 – 22	14
Spriocanna Straitéiseacha	18
Gníomhaíochtaí straitéiseacha	20

Spriocanna Straitéiseacha agus Gníomhartha

Taighde agus Nuálaíocht	26
Oideachas Iarchéime	30
Oideachas Fochéime	34
Eispéireas na mac léinn, seirbhísí agus tacaíochtaí	37
Idirnáisiúnú	39
Comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus idirchultúrachas	43
Teagasc agus foghlaim den scoth	48
Na hEalaíona agus an cultúr	50
Daoine agus Eagraíocht	52
Claochlú Digiteach	56
Cailíocht, Pleanáil, Airgeadas agus Rialachas	60
Eastáit, Forbairt Chaipitil agus Máistirphlean an Champais	62
Cumarsáid, Céimithe agus Daonchairdeas	64



Réamhrá

Ó bunaíodh Ollscoil Mhá Nuad mar ollscoil phoiblí fhéinrialaitheach fiche bliain ó shin, tá an treo straitéiseach agus a bhfuil bainte amach ag Ollscoil Mhá Nuad (MU) eisceachtúil agus is mór an chúis bhróid iad do phobal na hollscoile, dár bhfoireann, dár mic léinn agus dár gcéimithe. Aithnítear anois go bhfuil Ollscoil Mhá Nuad ar cheann de na hollscoileanna óga is rathúla ar domhan.

Tá an cháil atá ar Ollscoil Mhá Nuad ar fud an domhain ag fás agus tá an cháil sin bunaithe ar úire, cáilíocht, tábhacht agus tionchar ár dtaighde agus ár gcuid léinn, ar ár dtiomantas don teagasc agus don fhoghlaím, ar chaighdeán ar gclár acadúil agus ar ár gcuid ceannaireachta i ndáil le rannpháirtíocht san ardoideachas a leathnú. Is mar thoradh ar dhíograis ár bhfoirne agus ar fhuinneamh agus ar rannpháirtíocht ár mac léinn atá an rath sin orainn.

Faoi *Phlean Straitéiseach na hOllscoile 2012-17*, chuireamar lenár gcumas agus lenár gcáil i dtaca le taighde, chuireamar athrú ó bhonn ar ár gcuraclam fochéime, mhéadaíomar an líon iarchéimithe atá i mbun staidéir san ollscoil agus d'éiríomar níos idirnáisiúnta, níos ilghnéithí agus níos gníomhaí fós. Cuireann, agus feictear go gcuireann, Ollscoil Mhá Nuad lenár gcóras náisiúnta ardoideachais ar bhealach atá tábhachtach agus sainiúil.

Tá an mhuinín mar bhonn le *Plean Straitéiseach na hOllscoile 2018-22*. Is ollscoil í Ollscoil Mhá Nuad a bhfuil uailmhian, fíis agus luachanna aici, chomh maith le féiniúlacht shoiléir. Tá sí dírithe ar spriocanna a bhaint amach agus mórán spriocanna bainte amach cheana féin aici, agus an chosúlacht ann go mbeidh an-rath uirthi amach anseo. Sa straitéis seo, tógtar ar an méid atá bainte amach go dtí seo againn, agus díritear fuinneamh institiúideach agus acmhainní ar fhorbairt bhreise a dhéanamh ar thaighde agus ar oideachas iarchéime.

Dírítear ar na nithe seo a leanas sa straitéis:

- infheistíocht spriocdhírthe i gcumas taighde i roinnt réimsí tosaíochta;
- cur leis an bpunann iarchéime agus an pobal iarchéime a fhás;
- na buntáistí iomlána a bhaint as an gcuraclam fochéime nuálach atá againn;
- cur le heispéireas na mac léinn;
- idirnáisiúnú cuimsitheach agus eiticiúil;
- comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus ilchultúrachas mar chumasóirí ardchaighdeáin léinn

“Na gealltanais a thugaimid i dtaca le hinfeistíocht a dhéanamh i ndaoine i dtús báire agus deiseanna a chur ar fáil dóibh chun forbairt agus fás a dhéanamh agus chomh maith leis sin infheistíocht a dhéanamh sna córais agus sa bhonneagar a theastaíonn chun ár gcuspóirí léinn agus oideachais a bhaint amach, is gealltanais iad sin a chuireann taca faoinár spriocanna straitéiseacha.”

An Comhthéacs institiúideach

“Tá Plean Straitéiseach na hOllscoile 2018-22 fréamhaithe sna tréithe sainiúla institiúideacha a bhaineann le hOllscoil Mhá Nuad, agus is í an tsainiúlacht sin an tsócmhainn is fearr atá againn”

Is iad na daonnachtaí, na heolaíochtaí sóisialta chomh maith leis an eolaíocht agus an innealtóireacht na réimsí léinn is láidre atá againn. Is in Ollscoil Mhá Nuad atá an líon is mó mac léinn agus scoláirí ag gabháil do na daonnachtaí agus do na heolaíochtaí sóisialta i bPoblacht na hÉireann agus tá pobal bisiúil eolaithe agus innealtóirí san Ollscoil a chruthaíonn timpeallacht eisceachtúil don taighde agus don fhoghlaím dhisciplín agus idirdhisciplíneach. Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta go mór don oideachas liobrálach agus don taighde bunúsach le fada an lá agus feictear iad sin mar spriocanna iontu féin, agus chomh maith leis sin mar bhonn don taighde feidhmeach agus don oideachas gairmiúil. Tugann na cláir atá againn maidir le hoideachas tosaigh do mhúinteoirí, obair óige agus phobail, síceolaíocht, innealtóireacht leictreonach agus gnó agus dlí cumais agus láidreachtaí ar leith dúinn, agus cuireann siad ar ár gcumas a bheith níos gníomhaí maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú ag ár sochaí sa lá atá inniu ann.

Tá cultúr na hOllscoile thar a bheith tábhachtach maidir leis an rath atá orainn agus tá sé mar chuid lárnach dár bhféiniúlacht. Institiúid bhríomhar, nuálach is ea Ollscoil Mhá Nuad atá ag fás go tapa ach ag an am céanna is pobal coláisteach, comhoibríoch, agus ionchuimsitheach é pobal na hollscoile i gcónaí, áit ar féidir leis an bhfoireann agus leis na mic léinn a bheith rathúil agus tá mórán deiseanna ar fáil don teagmháil idirdhisciplíneach, don phlé agus don fhoghlaím.

Riamh anall, bhí sé mar straitéis ag Ollscoil Mhá Nuad feabhas a bhaint amach ar bhealach cothrom tríd an luach céanna a chur ar an teagasc agus ar an taighde agus na sineirgí atá eatarthu a aithint, ionas go bhfuil an rannpháirtíocht i dtaighde agus i léann den chéad scoth ar aon dul leis an tiomantas don teagasc agus do rath na mac léinn, agus go bhféachtar ar an dá ghníomhaíocht sin mar ghníomhaíochtaí a thacaíonn le chéile go frithpháirteach. Cumasaíonn tiomantas institiúideach don éagsúlacht agus don ionchuimsitheacht feabhas agus cinntíonn sé go ndéantar buntáistí an ardoideachais a leithdháileadh go cothrom inár sochaí.

Tá ár bpleananna á leagan amach againn ag am cinniúnach: tar éis tréimhse inar tháinig fás ar ollscoileanna na hÉireann agus gan ach acmhainní an-teoranta ar fáil dóibh, is gá infheistíocht shuntasach sa bhreis a dhéanamh san ardoideachas agus táthar ag súil go ndéanfar amhlaidh. Sa chomhthéacs sin, leanfaimid de bheith ag tacú le hinfheistíocht chothrom san eolaíocht, san innealtóireacht, sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta, agus fios againn go dteastaíonn an t-eolas, an léargas agus an chruthaitheacht a bhaineann le gach ceann de na disciplíní éagsúla sin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra sa tsochaí, agus tá sé ríthábhachtach do rath an duine go ndéanfaí saoriniúchadh orthu go léir. Ina theannta sin, léirítear ar na saolta seo chomh luachmhar agus atá an plé eolach, an tuisceant agus an chaoifhulaingt, fíorluach an eolais, an léinn agus an fhiosraithe, agus an tábhacht a bhaineann leis an eolas a dhaonlathú trí chóras taighde agus oideachais phoiblí. Cuirimid ár gcuspóir mar ollscoil taighde phoiblí in iúl: trínár gcuid taighde, ár gcuid teagaisc agus ár rannpháirtíocht cuirimid leis an nuálaíocht, le fás eacnamaíoch, forbairt shóisialta agus fuinneamh cultúrtha, agus cuirimid taca faoi shochaí atá saor, oscailte, cothrom, daonlathach agus inbhuanaithe. Cuireann an cuspóir sin bonn eolais faoi gach gné dár straitéis, agus go háirithe ár dtiomantas d'fhairsinge na ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde, ar ghníomhaíochtaí iad atá fíorthábhachtach do shaoránaigh atá nuálach, cruthaitheach agus gníomhach.



An Dochtúir Jeneen Naji
Staidéar ar na Meáin



Comhthéacs an Bheartais Náisiúnta

“Tá córas bríomhar ollscolaíochta thar a bheith tábhachtach do shochaí atá rathúil agus rachmasach. Mar chomhpháirt uathúil agus thábhachtach de chóras ardoideachais na hÉireann, tá na ráitis maidir le straitéis agus beartas náisiúnta mar threoir agus mar bhonn eolais ag Ollscoil Mhá Nuad agus a plean straitéiseach institiúideach á fhorbairt aici.”

Leagtar amach sa *Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030* creat beartais físeach agus cuimsitheach chun forbairt a dhéanamh ar ár gcóras ardoideachais, agus tugtar breac-chuntas inti ar na prionsabail agus ar na spriocanna maidir le teagasc agus foghlaim, taighde, rannpháirtíocht, idirnáisiúnú agus rialachas. Sa *Straitéis Náisiúnta*, rianaitear bealach chun córas taighde agus nuálaíochta san ardoideachas a áirithiú, ar córas é a bheidh oiriúnach do na riachtanais atá ag tír atá ag fás agus atá rannpháirteach i gcúrsaí domhanda. Sa *Straitéis Náisiúnta, agus sa ráiteas beartais I dTreoir Tírdhreach Ard-Oideachais don Todhchaí*, a bhí ag gabháil leis, cuireadh tús chomh maith le hathruithe struchtúracha a raibh tábhacht leo, rud a réitigh an bealach do bhunú na nOllscoileanna Teicneolaíochta agus a chruthaigh cnúsaigh d'institiúidí ardoideachais réigiúnacha a bheadh ag obair i gcomhar ar phleanáil acadúil, soláthar clár, rannpháirtíocht a leathnú agus caidreamh le lucht fiontraíochta. Bhí páirt lárnach ag Ollscoil Mhá Nuad, in éineacht lena comhpháirtithe sna hinstiúidí seo a leanas; Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus Coláiste Náisiúnta na hÉireann, i bhforbairt comhar réigiúnach den chineál sin, as ar eascair cnúasach an Mheán-Oirthir agus Thuaisceart Bhaile Átha Cliath, ar cnúasach é a bhféachtar go forleathan air mar eiseamláir den dea-chleachtas.

Sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-19* cuirtear cuspóirí níos láithrí don chóras oideachais i bhfeidhm, agus sonraítear sé cinn de chuspóirí ardleibhéil sa *Chreat um Fheidhmiú an Chórais Ard-Oideachas 2018-20* mar seo a leanas:

1. Píblíne láidir tallainne a sholáthar ina mbeidh cumasc den eolas, de scileanna agus den infhostaitheacht a fhreagraíonn go héifeachtach do na riachtanais atá ag ár bhfiontair, ár seirbhís phoiblí agus earnálacha an phobail go náisiúnta agus go réigiúnach agus a choinníonn an ceannas atá ag Éirinn san Eoraip le dtaca le fáil a bheith ar scileanna.
2. Deiseanna maithe a chruthú don rannpháirtíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar deiseanna iad a fheabhsóidh an timpeallacht foghlama agus a bheidh mar dhroichead láidir chuig earnáil na fiontraíochta agus chuig an bpobal i gcoitinne.


3. Taighde, forbairt agus nuálaíocht den chéad scoth a stiúradh, atá ábhartha agus a fhásann rannpháirtíocht le comhpháirtithe seachtracha, a bhfuil tionchar acu ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí agus a neartaíonn ár seasamh chun a bheith mar Cheannaire Nuálaíochta san Eoraip.
4. Comhionannas deise a fheabhsú go suntasach tríd an oideachas agus tríd an oiliúint agus mic léinn a earcú a léiríonn an éagsúlacht agus an meascadh sóisialta atá i bpobal na hÉireann.
5. Feabhas leanúnach a léiriú i gcáilíocht na timpeallachta foghlama agus súil ghéar á coinneáil ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta trí aird faoi leith a dhíriú ar cháilíocht agus ar fheabhas i gcúrsaí acadúla.
6. Feabhsú leanúnach a léiriú sa rialachas, sa cheannaireacht agus i bhfeabhas oibríochta.

Cuireann na cuspóirí sin bonn eolais faoin straitéis seo agus tá sí ag teacht leo, agus leagfar amach go sonrach sna comhshocruithe miseanbhunaithe atá againn leis an Údarás um Ard-Oideachas an chaoi a rannchuidíonn Ollscoil Mhá Nuad le baint amach na spriocanna uileghabhálacha córasacha sin.

Nuálaíocht 2020: In Straitéis na hÉireann maidir le Taighde agus Forbairt, Eolaíocht agus Teicneolaíocht samhlaítear Éire mar cheannaire domhanda i dtaca leis an nuálaíocht, agus dírtear inti ar fheabhas taighde, tallann céimithe agus taighde agus forbairt atá dírithe ar fiontraíocht agus atá gníomhach, agus leagtar béim faoi leith ar réimsí tosaíochta náisiúnta agus ar rannpháirtíocht níos mó i gclár taighde de chuid an Aontais Eorpaigh. Beidh an maoiniú náisiúnta don taighde atá ábhartha go díreach don bhonn fiontraíochta, agus a shásaíonn riachtanais na sochaí, lena n-áirítear caighdeán na seirbhísí poiblí a fheabhsú, cosaint an chomhshaoil, acmhainní nádúrtha agus an aeráid, slándáil bhia a áirithiú agus inbhuanaitheacht an tsoláthair fuinnimh faoi threoir ag *Nuálaíocht 2020*.

Tá teoracha tábhachtacha don ardoideachas, ina leagtar béim ar an taighde agus ar an nuálaíocht, ar scileanna agus ar thallann, agus ar fhorbairt eacnamaíoch réigiúnach agus tuaithe molta i réimse de phleananna fiontraíochta agus eacnamaíocha lena n-áirítear *Fiontraíocht 2025, an Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025, an Plean Gníomhaíochta maidir le Scileanna TFC 2014-18, an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta do Phoist*, na hocht gcinn de

Pléascadh Daonra agus Riachtanas Fás don Oideachas: Fás Réigiúnach Déimeagrafach sa Mheán-Oirthear / Baile Átha Cliath Thuaidh 2006 - 2016



Phleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist, agus an Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe. Tá Ollscoil Mhá Nuad ag freagairt, agus béis á leagan aici ar an tábhacht a bhaineann le fairsinge agus cruthaitheacht sa bhonn taighde agus tallainne, ar an gcuidiú rithábhachtach a thugann an Ollscoil don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta réigiúnach, agus ar an luach a bhaineann le cnuasaigh réigiúnacha agus le Fóraim Scileanna Réigiúnacha. Spreag an Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030 ceisteanna níos mionsonraithe maidir le teagasc agus foghlaim, rannpháirtíocht agus idirnáisiúnú. Is acmhainní fíorthábhachtacha iad An Fóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama agus Campus Engage, chomh maith le Oilte in Éirinn Nasctha ar Fud an Domhain – Straitéis Idirnáisiúnta Oideachais d'Éirinn, maidir lenár bplean straitéiseach a dhearadh agus a sholáthar.

Faoi mar is ceart, leanann an córas oideachais straitéis feabhais agus cothromais trí éagsúlacht agus ionchuimsitheacht agus cuireann na moltaí agus na gníomhartha sa *Phlean Náisiúnta um Choithromas Teachta ar Ard-Oideachas 2015-19* agus an *tAthbhreithniú Náisiúnta ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ard-Oideachais in Éirinn ón Údarás um Ard-Oideachas* bonn eolais faoinár gcur chuige maidir le comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus idirchultúrachas.

In Ag Infheistiú san *Uaillmhian Náisiúnta: Straitéis do Mhaoiniú an Ard-Oideachais* rinneadh an t-éileamh méadaithe a bheidh ar an ardoideachas sna deich mbliana seo amach romhainn a dhoiciméadú go cúramach agus go cuimsitheach, chomh maith leis an infheistiúocht choimhdeachtach a bheidh riachtanach lena áirithiú go mbeidh ár dtaighde agus ár gcuid oideachais ar chomhcheim lena bhfuil ar fáil i náisiúin rathúla eile.

San Athbhreithniú ar an tSamhail Leithdháilte chun Institiúidí Ard-Oideachais a Mhaoiniú ina dhiaidh sin moltar athruithe suntasacha ar an mbealach ar cheart an maoiniú nach bhfuil leordhóthanach mar atá sé a leithdháileadh ar fud institiúidí agus disciplíní. Creidimid go láidir go bhfuil ról criticiúil agus bunriachtanach ag an réimse leathan disciplíní a bhíonn mar chuid d'ollscoil maidir le forbairt eacnamaíoch, dul chun cinn sóisialta, beogacht chultúrtha agus comhionannas deiseanna oideachais, agus ní mór d'aon tsamhail leithdháilte maoinithe acmhainní cuí a chur ar fáil don éagsúlacht disciplíní sin. Tugtar breac-chuntas sa *Chreat Náisiúnta Pleanála* agus sa *Phlean Forbartha Náisiúnta* deich mbliana atá ailínithe leo ar na cinntí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i dtaca le pleanáil agus infheistiúocht, lena n-áirítear infheistiúocht san oideachas agus sa taighde, chun freastal ar an ardú de bheis agus aon mhíilliún duine ar an daonra atá tuartha faoin mbliain 2040.

Agus an plean seo á réiteach againn, is eol dúinn freisin na forbairtí i mbeartais an Aontais Eorpaigh maidir le taighde, nuálaíocht agus oideachas. I gclár an Aontais do nua-aoisiú an ardoideachais moltar béis a leagan ar na nithe seo a leanas: dul i ngleic le mí-oiriúnú scileanna agus ardchaighdeán i bhforbairt scileanna a chur chun cinn; ardoideachas atá ionchuimsitheach agus comhnasctha a thógáil, a áirithiú go gcuidíonn institiúidí ardoideachais le nuálaíocht réigiúnach; agus tacú le córais ardoideachais atá éifeachtach agus éifeachtúil. Táthar ag súil gur teacht chun cinn ar an gclár Fis 2020 reatha a bheidh i gCreatchlár 9 ina mbeidh trí cholún (Eolaíocht Bhunúsach, Dúshláin Dhomhanda agus Nuálaíocht Oscailte) agus cuir chuige idirdisciplíneacha agus idirearnálacha maidir le dúshláin mhóra na sochaí. Tá straitéisí institiúideacha agus náisiúnta ailínithe go maith leis na cuspóirí beartais sin de chuid an Aontais Eorpaigh.



A bhfuil bainte amach faoi Phlean Straitéiseach na hOllscoile 2012-17

“Leagadh amach fíis uailmhianach agus treo straitéiseach don Ollscoil i bPlean Straitéiseach na hOllscoile 2012-17. D’oibrigh pobal uile na hOllscoile go dian, agus gan ach acmhainní teoranta acu, chun a cuid spriocanna agus a cuid cuspóirí a bhaint amach, agus tá sé de cheart againn a bheith bródúil as an méid suntasach atá bainte amach againn le cúig bliana anuas, go háirithe i gcúrsaí taighde agus léinn, athchóiriú curaclaim, idirnáisiúnú agus méadú rannpháirtíochta.”

Tá feabhas curtha againn ar ár gcumas taighde ar bhealach straitéiseach, dhíríomar ar thosaíochtaí taighde comhaontaithe, go háirithe sna réimsí seo a leanas: na healaíona agus na daonnachtaí, na heolaíochtaí sóisialta agus spásúla, an mhataimic, cumarsáid agus ríomh; agus sláinte an duine. Tá méid agus cáilíocht an tsaothair léinn atá foilsithe ar fheabhas de réir caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus bhí rath suntasach orainn i dtaca le deontais IRC, ERC agus Fís 2020, agus tá naisc láidre tógtha againn le Mórionaid SFI.

Tá aithne ar Ollscoil Mhá Nuad mar gheall ar thaighde gníomhach agus aistriú eolais, agus chomh maith le feidhmíocht institiúideach den scoth, threoraíomar tionscnaimh thábhachtacha náisiúnta agus réigiúnacha. I measc na nithe atá bainte amach againn, tá Institiúid Luacha Nuálaíocht; Réadlann Taighde Uile-Éireann; gorlann ghnó Maynooth Works; ról ceannaireachta sa Tionscnamh um Aistriú Teicneolaíochta

a Neartú; suíomh den scoth maidir le paitinnigh; ceadúnú agus mac-chuideachtaí; agus réimse de ghníomhaíochtaí beartais phoiblí; pobail agus cultúrtha a bhfuil tionchar suntasach acu.

Aithnítear go forleathan gurb é Curaclam Fochéime Ollscoil Mhá Nuad an fhorbairt aonair is tábhachtaí maidir le hoideachas fochéime in Éirinn le blianta fada. Tá an bhéim a leagtar ar na scileanna bunúsacha a bhaineann le smaointeoireacht chriticiúil agus le cumarsáid shoiléir, teaghlaim uathúil ábhar, breis solúbthachta agus roghanna, agus an fhorbairt ar fhoghlaím ó thaithí, thar a bheith tarraingteach do mhic léinn. Is féidir linn tógáil ar an móiminteam sin; chun conairí nua a fhorbairt d’fhochéimithe, ar conairí iad a shásaíonn na riachtanais atá ag mic léinn agus ag fostóirí, agus na riachtanais sin ag athrú.



**Ó thosaigh an cúlu i 2008, eanáil ollscoile na hÉireann
Tá 21,000 mac léinn ag fás. Chuir Ollscoil Mhá Nuad leis
go 22% den fhás sin.**

Tá feabhas suntasach curtha againn ar oideachas agus ar oiliúint na mac léinn dochtúireachta, agus táimid ar an gcéad ollscoil a thug isteach PhD struchtúrtha, agus ár réimse de dhochtúireachtaí gairmiúla á mhéadú againn. Tá ár gclár scoláireachtaí neartaithe againn chun mic léinn chumasacha a choinneáil i gcomhair staidéar iarchéime – agus léiríonn an ráta ag a n-iompaíonn siad sin isteach ina n-iarratais IRC rathúla an luach a bhaineann leis an gcur chuige sin.

Shocraíomar sprioc uailmhianach dúinn féin – is é sin líon na mac léinn idirnáisiúnta ag Ollscoil Mhá Nuad a dhúbailt agus tá an sprioc sin sáraithe againn: mhéadaigh líon na rolluithe idirnáisiúnta ó 540 (nó 5.6% den rollú iomlán) in 2010/11 go dtí 1100 (9.1% den rollú iomlán) in 2016/17.

Táimid mar cheannaire náisiúnta go fóill maidir le rannpháirtíocht a leathnú; tá an Ollscoil ar an gceann is éagsúla san eanáil. Tá cion níos mó de mhic léinn ó chúlaí socheacnamaíocha atá faoi mhíbhuntáiste, de mhic léinn lánfhásta agus de mhic léinn atá faoi mhíchumas againn ná mar atá ag aon ollscoil eile sa Stát. Bíonn bacainní le sárú ag na mic léinn sin go léir chun a bheith rannpháirteach san ardoideachas. Buntáiste is ea an éagsúlacht sin, agus cuireann sí leis an eispéireas a bhaineann le bheith ag foghlaim agus ag obair in Ollscoil Mhá Nuad.

Tháinig fás mór ar Ollscoil Mhá Nuad ó bunaíodh í, go háirithe le cúig bliana anuas. In 2010/11, thógamar isteach 2,000 mac léinn fochéime sa chéad bhliain agus bhí 9,600 mac léinn san iomlán againn; in 2016/17, thógamar isteach díreach os cionn 3,000 mac léinn fochéime agus bhí breis agus 12,000 mac léinn san iomlán againn.

Tháinig fás pro-rata ar an bhfoireann acadúil ó 297 (coibhéis lánaimseartha) in 2010/11 go dtí 402 in 2016/17. Ní gan dúshlán a tharla an fás sin, agus aithnítear na dúshláin sin agus freagraítear dóibh i bPlean Straitéiseach na hOllscoile 2018-22, agus díreann aird ar phleanáil mhionsonraithe acmhainní, infheistíocht i ndaoine, soláthar bonneagair agus córas, agus ar eispéireas na mac léinn agus na foirne a chaomhnú agus a fheabhsú. Mar sin féin, mar thoradh ar an bhfás, bhíomar ábalta infheistíocht a dhéanamh san fhoireann, ranna a neartú agus an coibhneas idir foireann agus mic léinn a choinneáil seasta le linn tréimhse a bhí an-dúshlánach. Chomh maith leis sin, thug sé an cumas agus na hacmhainní dúinn chun athrú straitéiseach a dhéanamh, i réimsí atá chomh héagsúil le cumas taighde, comhionannas inscne, forbairt disciplíní nua agus athchóiriú ar an gcuraclam fochéime. Ar deireadh, cheadaigh sé dúinn infheistíocht a dhéanamh sa champas ar bhealach pleanáilte agus struchtúrtha, agus tús a chur le forbairt a dhéanamh ar na háiseanna atá riachtanach chun an institiúid a fhás amach anseo.



Tá athruithe suntasacha eagraíochtúla feicthe againn, lena n-áirítear Roinn Froebel don Bhun-agus Luath-Oideachas a bhunú, forbairt thapa ar chlár sa Ghnó agus sa Dlí, agus clár breise san Fhorbairt Idirnáisiúnta agus in Eadráin agus Idirghabháil i gCúrsaí Coimhlinte agus moladh náisiúnta agus idirnáisiúnta faighte acu ar fad in achar an-ghearr.

Bhí aonaid riaracháin agus tacaíochta na hOllscoile thar a bheith tábhachtach don rath sin, agus iad ag cuidiú agus ag tacú le taighde agus foghlaim. Tá tionscnaimh thábhachtacha straitéiseacha ceaptha, deartha agus soláthraithe acu chun ár dtaighde, ár dteagasc agus ár n-oibríochtaí a fheabhsú. Tá mórán acu tar éis dul trí atheagrú suntasach, agus d'oibrigh siad ar fad chun próisis a shimpliú, córais a uasghrádú agus seirbhísí a fheabhsú.


Tá infheistíocht shuntasach déanta ag an Ollscoil i bhfoirgnimh agus i mbonneagar, agus cuirfear dlús leis sin sna deich mbliana seo amach romhainn. Tá 21,700 m2 curtha againn le stoc foirgneamh na hOllscoile ar chostas €62m, lena n-áirítear foirgneamh Eolas, Scoil an Oideachais agus an chóiríocht nua do mhic léinn ina bhfuil 296 leaba. Mar thoradh ar chomhairliúcháin cúramach, tá máistirphlean nua don champas

forbartha agus glactha againn, agus beidh sé mar threoir don fhorbairt a dhéanfar ar ár dtimpeallacht sna deich mbliana seo amach romhainn.

Cruthóidh an fhorbairt sin timpeallacht mhaireachtála agus foghlama a bheidh inspioráideach agus inbhuanaithe. Tá iasacht faighte againn ón mBanc Eorpach Infheistíochta chun an chéad chéim de chur i bhfeidhm an phlean a mhaoiniú.

Tá comhpháirtíochtaí láidre forbartha ag Ollscoil Mhá Nuad: le Coláiste Phádraig, Má Nuad, lena roinnimid clár acadúil, campas agus oidhreacht; leis na hinstitiúidí i gcnuasach an Mheán-Oirthir agus Thuaisceart Bhaile Átha Cliath; agus le réimse de chomhpháirtithe idirnáisiúnta. Bealach tábhachtach is ea cnuasach Réigiún an Mheán-Oirthir chun deis a thabhairt do na hinstitiúidí freagairt i gcomhar do riachtanais scileanna an réigiúin, ár rannpháirtíocht le fiontair a threisiú, agus ár gcuid oibre a chomhordú ar mhaithe le rannpháirtíocht san ardoideachas a leathnú. Aithnímid go háirithe an luach a bhaineann leis an bhFóram Réigiúnach Scileanna maidir le cuidiú leis an ollscoil aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna agus infhostaitheacht na gcéimithe a áirithiú.

Fás agus Réamh-mheastacháin Rollaithe: 1980-2020



Plean Straitéiseach na hOllscoile 2018-22

“Leagtar amach i bPlean Straitéiseach na hOllscoile 2018-22 misean agus cuspóir Ollscoil Mhá Nuad, ár bhfís maidir leis an gcineál ollscoile is mian linn a bheith againn i gceann cúig bliana, na prionsabail agus na luachanna a threoraíonn muid, agus ár spriocanna straitéiseacha sonracha agus ár ngníomhaíochta”

Cuspóir

Ollscoil taighde phoiblí is ea Ollscoil Mhá Nuad atá tiomanta do dhaoine, do smaointe agus don chultúr, pobal léinn atá ag obair le chéile ar mhaithe le fiosrú agus le fionnachtain, chun teagasc agus foghlaim a dhéanamh, chun eolas a chruthú, a chaomhnú, a scaipeadh agus a fheidhmiú agus chun dul i ngleic leis na fadhbanna agus na dúshláin atá roimh shochaí an lae inniu. Má chuirtear na nithe sin ar fad i dteannta a chéile, tá ról lárnach againn maidir le nuálaíocht, fás geilleagrach, forbairt shóisialta agus beogacht chultúrtha agus táimid ríthábhachtach do shochaí atá saor, oscailte, cothrom, daonlathach agus inbhuanaithe.



An Dochtúir John Stephens
Roinn na Ceimice

Fís

Cuirfidh Ollscoil Mhá Nuad a seasamh idirnáisiúnta mar mhór-ollscoil taighde chun cinn tuilleadh, ar ollscoil í ina bhfuil pobal beoga iarchéimithe, a dhéanann soláthar uathúil d'fhochéimithe, a bhfuil cur chuige cuimsitheach agus eiticíúil aici maidir leis an idirnáisiúnú, agus a bhfuil rannpháirtíocht fhorleathan aici le comhpháirtithe seachtracha; tabharfar aitheantas dúinn de bharr ár dtiomantas do mhisean poiblí agus sibhialta na hOllscoile, mar cheannaire náisiúnta i dtaca le comhionannas agus éagsúlacht, mar áit den scoth chun a bheith ag foghlaim agus ag obair, mar phobal ionchuimsitheach inar féidir leis na mic léinn agus leis an bhfoireann a bheith rathúil, agus mar ollscoil a chuidíonn leis an gcóras náisiúnta ardoideachais agus le leas an phobail ar bhealach uathúil.

Prionsabail agus Luachanna

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do na luachanna seo a leanas:

- doichte i gcúrsaí léinn;
- saoirse acadúil;
- ionracas agus iompraíocht eiticiúil;
- coláisteacht, trédhearcacht agus iontaobhas;
- comhionannas, ionchuimsitheacht agus ceartas sóisialta;
- feabhas oibríochtúil agus solúbthacht eagraíochtúil agus freagrúlacht;
- dínit, meas agus cúram don duine aonair

Cuireann na prionsabail seo a leanas bonn eolais faoi fhorbairt agus faoi chur chun feidhme ár bPlean Straitéisigh:

- Pobal foghlama is ea an Ollscoil, agus faigheann sí a neart óna cuid tallainne agus óna cuid éagsúlachta, agus is féidir é sin a leathnú agus a fheabhsú trí rannpháirtíocht agus trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha.
- Is trí fhiosrú saor neamhshrianta a dhéanamh agus céimithe a mhúnlú atá oile chun ceisteanna a chur, anailís a dhéanamh, machnamh a dhéanamh, smaoineamh go criticiúil, gníomhú go cruthaitheach agus cur go dearfach leis an tsochaí is fearr a dhéanann an Ollscoil freastal ar na riachtanais atá ag sochaí daonlathach.
- Prionsabal lárnach de chuid ollscoile atá tiomanta d'fhiosrú saor is ea saoirse acadúil; tá réimse de dhualgais agus de fhreagrachtaí acadúla ag gabháil leis.
- Gnéithe ríthábhachtacha d'institiúid acadúil rathúil is ea an spás don mhachnamh criticiúil agus don chruthaitheacht.
- Déantar pobal foghlama coláisteach a bhunú agus a choinneáil trí chothromaíocht chuí a bhaint amach idir ár leasanna aonair agus leas coiteann phobal na hOllscoile, agus buntáistí an neamhspleáchais acadúil agus chaidrimh choláistigh á réadú.
- Buntacaíonn comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus idirchultúrachas leis an bhfeabhas acadúil agus feabhsaíonn siad an taighde agus an fhoghlaim.
- Tá dualgas ar phobal na hOllscoile a hinniúlachtaí, a léargais, a cuid eolais agus a cuid léinn a chur ar fáil don tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an lae inniu agus an lae amárach.
- Éilíonn oll rannpháirtíocht san ardoideachas go mbeifí ag faire de shíor ar an éifeachtacht a bhaineann leis an gcur chuige atá againn maidir le teagasc agus foghlaim agus cineál na timpeallachta foghlama, chun mic léinn atá níos éagsúla, a bhfuil cúlraí, cumas, spriocanna agus mianta an-difriúla acu, a mhealladh agus ndúshlán a thabhairt, agus tacaíocht á tabhairt na mic léinn chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.
- Braitheann an Ollscoil ar eolas agus ar chleachtais na ndisciplíní éagsúla: tá éagsúlacht disciplíní láidre ríthábhachtach don léann agus don fhoghlaim dhocht, don idirdhisciplíneacht éifeachtach agus do bheogacht na hOllscoile.
- Tá sé de dhualgas ar an Ollscoil ceannaireacht a thaispeáint maidir le hinbhuanaitheacht, bithéagsúlacht agus cúram don chomhshaol.
- Tá an Ollscoil tiomanta do chaomhnú, do chur chun cinn agus d'úsáid na Gaeilge, go mór mór tríd an Scéim Teanga atá aici a chur chun feidhme, agus do chultúir uathúla na hÉireann a chur chun cinn, tríd an teagasc, trí thaighde agus i ngach gné de shaol na hOllscoile. Áiríteoidh an Ollscoil go rachaidh infheictheacht agus ábharthacht na Gaeilge i méid go leanúnach ar fud an champais.
- Acmhainn bhunúsach is ea fianaise agus samplaí den dea-chleachtas ó fhoinsí ar fud na hOllscoile agus ó ollscoileanna eile chun straitéisí don todhchaí a fhorbairt, chun tacú le tionscnamh acadúil agus é a spreagadh agus chun eolas a bhfuil tástáil déanta air sa chleachtas a roinnt.







Ollscoil Mhá Nuad
Maynooth University

Designing Effective Support for All Job Seekers

Since 2017, Maynooth University has been working with the Department of Education to develop a new framework for the provision of career support to all job seekers. This framework is designed to ensure that all job seekers, regardless of their background or circumstances, have access to the support they need to find employment.

All career support services are provided by the Career Development Centre, which is a dedicated team of career advisors and support staff. The Centre provides a range of services, including:

- One-to-one career advice and support
- Group workshops and seminars
- Online resources and tools
- Career fairs and events

The Career Development Centre is committed to providing high-quality, personalised support to all job seekers. We work closely with employers and other stakeholders to ensure that our services are relevant and effective. We also provide support to students who are looking for part-time or summer work opportunities.

Maynooth University Knows No Bounds




Spriocanna Straitéiseacha

“Tá trí cinn déag de spriocanna straitéiseacha leagtha amach againn dúinn féin, agus thar an tréimhse 2018-22:”

- Nearthóimid tuilleadh an cháil atá orainn mar ollscoil taighde a bhfuil suntas idirnáisiúnta ag baint léi, agus déanfaimid ár seasamh sa todhchaí a dhaingniú trí **infheistíocht spriocdhírthe a dhéanamh i gcumas taighde** i roinnt réimsí tosaíochta, trí thiomantas don taighde bunúsach agus don taighde rannpháirtíochta, agus tríd an bhfoireann agus na mic léinn a chumasú chun a gcomhchruthaitheacht a chur i gcion ar dhúshlán mhóra na sochaí.
- Déanfaimid ár bpunann de **chláir iarchéime** a leathnú agus a fheabhsú, rud a áiríteoidh ardoideachas den scoth a bheidh dúshlánach dár mic léinn agus a chuirfidh ar a gcumas na scileanna intleachtúla agus an lúth a fhorbairt chun a bheith rathúil i réimse leathan de ghairmeacha fiúntacha.
- Déanfaimid an cumas iomlán a bhaineann le **curaclam fochéime** nua Ollscoil Mhá Nuad a fhíorú chun an t-oideachas ollscoile is fearr in Éirinn a sholáthar, agus chun ár mic léinn a ullmhú don obair, don saol agus don tsaoránacht rannpháirteach trí phunann clár agus timpeallacht foghlama atá uathúil, éagsúil agus dúshlánach ó thaobh na hintleachta de a chur ar fáil, agus déanfaimid réimsí nua staidéir agus meascán nua d’ábhair a chur ar fáil.
- Áiritheoidimid go ndéanfar **caighdeán eispéireas na mac léinn** agus an chaidrimh idir an fhoireann agus na mic léinn a chaomhnú agus a shaibhriú tuilleadh de réir mar a fhásfaidh an Ollscoil.
- Beimid mar fhíor-ollscoil idirnáisiúnta, ar ollscoil í a ghlacfaidh **cur chuige cuimsitheach agus eiticiúil i leith an idirnáisiúnaithe** agus a mbeidh leibhéal arda de shoghluaisteacht idirnáisiúnta ag baint léi i dtaca leis na mic léinn agus leis an bhfoireann, comhpháirtíochtaí láidre domhanda, agus campas beoga idirnáisiúnta agus idirchultúrtha.
- Tógfaimid ar a bhfuil bainte amach go dtí seo againn agus beimid mar ollscoil eiseamláireach maidir le comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus idirchultúrachas, agus beidh ceartas sóisialta, aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas, agus daoine a chumasú ag croílár ár misin.
- Déanfaimid tacaíocht a bheidh chun tosaigh san earnáil a thairiscint don fhoireann maidir le forbairt leanúnach a dhéanamh ar a **gcleachtas teagaisc agus foghlama** ag gach leibhéal den oideachas ón leibhéal fochéime go dtí an leibhéal dochtúireachta.
- Socróimid clár nuálach **ealaíon agus cultúir** mar chlár a bheidh lárnach i saol na hOllscoile, agus a chuirfidh beocht sa champas agus sa réigiún i gcoitinne.
- Beimid mar **ionad oibre den scoth mar gheall** ar na deiseanna a chuirimid ar fáil don fhorbairt léinn agus ghairmiúil i gcultúr atá éagsúil agus ionchuimsitheach.
- Tacóimid le taighde, teagasc, rannpháirtíocht agus éifeachtacht institiúideach trí **fheabhas oibríochtúil agus trí chlaohlú digiteach** ar fud na hOllscoile.
- Déanfaimid tuilleadh forbartha ar ár bpróisis i ndáil le **cáilíocht, pleanáil** agus bainistíocht airgeadais chun tacú le fás, forbairt agus nuálaíocht, agus chun ár gcuid rathúlachta a áirithiú agus iontaoibh an phobail a thógáil bunaithe ar **dhea-rialachas**.
- Cuirfidimid **timpeallacht bheoga, inbhuanaithe ar fáil ar an gcampas**, timpeallacht ina mbeidh saibhreas foghlama, cultúir, oidhreacht agus dúlra, le háiseanna nua-aoiseacha, ionchuimsitheacha agus bonneagar a bheidh ag teacht leis na riachtanais a bheidh ag pobal mac léinn, ag foireann agus ag cuairteoirí agus a líon sin ar fad ag dul i méid, agus déanfaimid é sin tríd an máistirphlean agus an clár forbartha caipitil atá againn don champas a chur chun feidhme.
- Tabharfaimid léargas soiléir, cruinn ar ghníomhaíochtaí agus ar **luach na hOllscoile** agus áiritheoidimid go bhfanfaidh céimithe agus cairde na hOllscoile nasctha linn agus go mbeidh fonn orthu tacú leis an institiúid.

Plean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 18-22



Gníomhaíochtaí Straitéiseacha

1. Taighde agus Nuálaíocht

- 1.1 Leanfaimid de bheith ag cur lenár gcumas taighde agus ag cothú cultúr taighde a mbeidh caighdeán agus dearcadh idirnáisiúnta ag baint leis, agus infheistíocht á déanamh againn ar fud na ndisciplíní agus i réimsí spriocdhírthe ina bhfuilimid láidir chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra na sochaí.
- 1.2 Déanfaimid ár gcumas maidir le taighde agus léann den scoth a neartú tuilleadh trí infheistíocht a dhéanamh i ndaoine.
- 1.3 Méadóimid ár dtacaíocht don taighde rannpháirtíochta agus don taighde dírithe ar fhiontraíocht agus ar nuálaíocht, agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha agus inbhuanaithe taighde agus nuálaíochta á dtógáil againn.
- 1.4 Tá sé mar chuspóir againn an t-ioncam bliantúil ó thaighde seachtach a mhéadú 50% faoin mbliain 2022.



2. Oideachas Iarchéime

- 2.1 Déanfaimid tuilleadh forbartha ar dhochtúireacht Ollscoil Mhá Nuad mar eispéireas oideachais bunathraitheach, agus scileanna ardaighde agus intleachtúla na mac léinn á bhforbairt againn agus iad á n-ullmhú chun cuidiú go suntasach leis an tsochaí i réimse leathan feidhmeanna agus gairmeacha.
- 2.2 Cuirfimid feabhas ar tharraingteacht, ar inbhuanaitheacht agus sholúbthacht phunann na Máistreachtá muinte atá againn, agus ar an mbealach sin beifear ábalta líon na rolluithe don Mháistreacht mhúinte a mhéadú ó 1,000 go dtí 1,600.
- 2.3 Oibreoidimid lena áirithiú go mbeidh eispéireas na mac léinn iarchéime ar an gceann is fearr in Éirinn, agus dá bharr sin go mbeidh ar chumas foghlaimoirí éagsúla a gcuid spriocanna acadúla agus gairmiúla a bhaint amach.



3. Oideachas Fochéime

- 3.1 Déanfaimid tuilleadh forbartha ar churaclam fochéime uathúil Mhá Nuad, agus beidh réimsí nua staidéir agus teaglamaí nua d'ábhair, rogha níos mó de thopaicí roghnacha agus deiseanna breise chun scileanna criticiúla agus anailíseacha a fhorbairt á dtairiscint againn do mhic léinn.
- 3.2 Cuirfimid réimse feabhsaithe d'eispéiris chomhchuraclaim agus seach-churaclaim ar fáil do mhic léinn, agus mar thoradh air sin beidh deiseanna níos forleithne acu a gcuid scileanna agus a gcuid inniúlachtaí a fhorbairt don obair, don saol agus don tsaoránacht ghníomhach.



1,600 Mac Léinn
larchéime
Múinte

50% Tá sé mar aidhm againn
ioncam taighde seachtrach
bliantúil a mhéadú faoi 2022.

4. Eispéireas na mac léinn, seirbhísí agus tacaíochtaí

- 4.1 Áiritheoidimid go bhfeabhsófar caighdeán eispéireas na mac léinn agus chomh maith leis sin go gcaomhnófar saibhreas an chaidrimh idir an fhoireann agus na mic léinn de réir mar a fhásann an Ollscoil.
- 4.2 Áiritheoidimid go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ar fáil do sheirbhísí riaracháin agus tacaíochta do mhic léinn agus go mbeidh an struchtúr cuí orthu chun freastal ar na riachtanais a bheidh ag pobal mac léinn a bheidh ag fás agus a mbeidh éagsúlacht ag baint leis



5. Idirnáisiúnú

- 5.1 Cuirfimid go suntasach leis na deiseanna do shoghluaisteacht idirnáisiúnta na mac léinn chuig agus as Ollscoil Mhá Nuad.
- 5.2 Cothóimid caidreamh comhthairbheach, inbhuanaithe le príomh-ollscoileanna comhpháirtíochta idirnáisiúnta.
- 5.3 Tacóimid le soghluaisteacht idirnáisiúnta foirne sa bhreis chuig agus as Ollscoil Mhá Nuad.
- 5.4 Áiritheoidimid eispéireas den chéad scoth do mhic léinn idirnáisiúnta agus seirbhísí den scoth chun tacú le hidirnáisiúnú na hOllscoile.



6. Comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht idirchultúrachas

- 6.1 Déanfaimid ár ndícheall – trínár dtiomantas do chearta daonna, do cheartas sóisialta agus don chomhionannas – a bheith mar ollscoil atá ionchuimsitheach go hiomlán, ollscoil ina ndéantar an léann agus an fhoghlaim a shaibhriú agus ina ndéantar an feabhas a chumasú tríd an éagsúlacht a bhaineann lenár bhfoireann agus lenár mic léinn.
- 6.2 Cuirfimid lenár dtaithí agus lena bhfuil bainte amach againn maidir le tacaíocht a thabhairt do rochtain, do rannpháirtíocht agus do rathúlacht mac léinn ó chúlraí éagsúla, ag leanúint den chlár reatha atá againn agus leathnóimid ár gcuid oibre chun aghaidh a tabhairt ar ghrúpaí eile a bhfuil bacainní rompu maidir le bheith rannpháirteach agus rathúil san ardoideachas.
- 6.3 Tabharfaimid tacaíocht dár bhfoireann chun curaclaim, teagasc agus foghlaim a dhéanamh níos ionchuimsithí, níos idirnáisiúnta agus níos idirchultúrtha, agus oibreoidimid chun timpeallacht acadúil ionchuimsitheach a chruthú.
- 6.4 Déanfaimid Ollscoil Mhá Nuad a dheimhniú mar cheannaire náisiúnta maidir le comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn i measc na foirne.



7. Teagasc agus foghlaim den scoth



- 7.1 Cuirfimid tuilleadh feabhais ar ár dtacaíochtaí d'fhorbairt an teagaisc agus do nuálaíocht i gcúrsaí foghlama.

8. Na hEalaíona agus an cultúr



- 8.1 Déanfaimid tuilleadh forbartha ar na healaíona agus ar an gcultúr mar ghnéithe lárnacha dár dtaighde, dár dteagasc agus dár rannpháirtíocht, agus an fhorbairt sin dírithe ar chlár nuálach agus ar shraith d'idirghníomhaíochtaí fisiciúla bonneagair.



9. Daoine agus Eagraíocht

- 9.1 Cuirfimid timpeallacht ar fáil inar féidir leis an bhfoireann ar fad a bheith rathúil, forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh agus cur leis an Ollscoil agus le rathúlacht a cuid mac léinn agus a cuid léinn.
- 9.2 Beimid dírithe ar an bhfoireann tacaíochta a chumasú chun forbairt mar ghairmithe agus chun iad féin a chur in oiriúint do riachtanais na hOllscoile, agus na riachtanais sin ag athrú.
- 9.3 Déanfaimid infheistíocht i struchtúir cheannaireachta agus bhainistíochta agus i bhforbairt atá oiriúnach do na dúshláin atá le sárú ag ollscoil nua-aoiseach mheánmhéide.



10. Claoclú Digiteach

- 10.1 Déanfaimid acmhainn a fhorbairt i gcomhair feabhas oibríochtúil agus claoclú digiteach agus glacfaimid straitéis 'tús áite ag an digitiú' maidir le dearadh agus cur chun feidhme phróisis uile na hOllscoile.
- 10.2 Beidh cur chuige déach againn maidir le rialachas TF agus soláthar seirbhíse, cur chuige a sholáthróidh cothromaíocht idir an riachtanas a bhaineann le hoibríochtaí seasmhacha éifeachtacha agus an riachtanas a bhaineann le dlús a chur le nuáil dhigiteach chun tacú le spriocanna straitéiseacha na hOllscoile.



11. Cáilíocht, Pleanáil, Airgeadas agus Rialachas



- 11.1 Déanfaimid fás na hOllscoile i dtreo próifíl rollaithe inmhiannaithe a bhainistiú go cúramach.
- 11.2 Déanfaimid ár bpróisis maidir le dearbhú cáilíochta agus feabhsú cáilíochta a fheabhsú agus déanfaimid an nasc idir feabhsú cáilíochta agus pleanáil straitéiseach a neartú.
- 11.3 Tógfaimid ar ghairmiúlacht ár bhfeidhmeanna airgeadais agus rialachais lena áirithiú gur lárionaid feabhais iad.

12. Eastáit, Forbairt Chaipitil agus Máistirphlean an Champais



- 12.1 Déanfaimid infheistíocht in áiseanna agus i mbonneagar an champais – de réir plean caipitil cúig bliana – chun na riachtanais foghlama, taighde, chultúrtha, shóisialta agus fóillíochta a bheidh ag pobal an champais a shásamh agus an campas sin ag fás agus chun tacú le rannpháirtíocht leis an réigiún i gcoitinne.
- 12.2 Cuirfimid Máistirphlean an Champais agus straitéis na ríochta poiblí chun feidhme chun timpeallacht champais atá inspioráideach agus inbhuanaithe a chruthú.

13. Cumarsáid, Céimithe agus Daonchairdeas

- 13.1 Tógfaimid ar ár n-éiteas coláisteach agus ar an gcáil iontach atá orainn le próisis chumarsáide inmheánacha níos struchtúrtha agus cumarsáid straitéiseach sheachtrach agus margaíocht.
- 13.2 Déanfaimid ár gcéimithe a chur chun cinn agus bunóimid caidreamh leo ar bhealach córasach, á nascadh le chéile agus leis an Ollscoil, agus bainfimid leas as ár gcéimithe agus as an daonchairdeas chun tacú le spriocanna na hinstitiúide.





Spriocanna Straitéiseacha agus Gníomhartha

1.

Taighde agus Nuálaíocht

Ollscoil diantaghde is ea Ollscoil Mhá Nuad, agus dá bhrí sin tá tábhacht bhunúsach ag baint leis an taighde agus leis an léann i dtaca lenár misean: déanann an taighde stór eolais agus tuiscint an duine a chur chun cinn, tugann sé aghaidh ar mhórdhlúshláin na sochaí, bíonn sé le brath inár gcuid teagaisc agus tugann sé spreagadh dár mic léinn. Tá cáilíocht agus tionchar foriomlán ár saothair léinn thar barr ar fad de réir caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta, ach chomh maith leis sin tá tréithe ann a bhaineann go saineúil leis an Ollscoil. De bharr go bhfuilimid láidir i réimse de dhisciplíní éagsúla san eolaíocht, san innealtóireacht, san eolaíocht shóisialta agus sna daonnachtaí, agus chomh maith leis sin go bhfuilimid tiomanta don idirdhisciplíneacht, don gcomhar, don rannpháirtíocht agus don chomhpháirtíocht, tá feabhas á bhaint amach ag Ollscoil Mhá Nuad cheana féin i réimsí tábhachtacha taighde a bhfuil tionchar suntasach acu ar fud an domhain.

Is iad na daoine atá sna ranna, sna hinstiitíidí agus sna haonaid tacaíochtaí taighde, agus an cumas atá acu oibriú i gcomhar ar fud disciplíní éagsúla agus le comhpháirtithe seachtracha chun dul i ngleic le ceisteanna tábhachtacha is mó a thugann neart d'Ollscoil Mhá Nuad i gcúrsaí taighde. Tá sé mar straitéis againn infheistíocht a dhéanamh i ndaoine. Leanfaimid orainn ag neartú ár ranna agus ár réimse leathan saineolais sna disciplíní, agus chomh maith leis sin, díreoidimid ár gcuid fuinnimh agus ár gcuid infheistíochta, trínár n-institiúidí taighde, ar líon réasúnta beag de réimsí straitéiseacha chun lárionaid ardmhéine ina mbeidh tairseach chriticiúil agus líonraí láidre idirnáisiúnta a chruthú. Tá an deis ann anois aird níos géire a thabhairt ar cheisteanna a rachaidh i bhfeidhm ar an domhan seo againne i lár an chéid seo.

Tá líon níos mó de na ceisteanna sin bainteach le réimsí ina dtrasnaíonn an eolaíocht, an teicneolaíocht, an tsochaí agus na daonnachtaí a chéile agus beidh sé mar chuspóir ag Ollscoil Mhá Nuad dul i gcion ar na réimsí sin ar bhealach suntasach. Beidh ár straitéis taighde faoi threoir ag na tosaíochtaí náisiúnta i dtaca le taighde agus nuálaíocht, na mórdhlúshláin atá aitheanta ag an Aontas Eorpach, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Aithnímid go bhfuil an taighde agus an nuálaíocht dinimiciúil, agus áiríteoimid go mbeidh na struchtúir agus na tacaíochtaí sách solúbtha chun smaointe agus forbairtí nua a chothú. Cé go leagtar an bhéim chuí sa straitéis seo ar chláir mhóra i gcomhar, aithnímid go gcuireann daoine aonair agus grúpaí beaga a fhaigheann maoiniú ó fhoinsí éagsúla mórán de shaothar léinn na hOllscoile chun cinn, agus leanfaidh an Ollscoil ag tabhairt tacaíochta don saothar sin ar bhealach straitéiseach.

Tá taighde bunúsach agus tábhachtach sna daonnachtaí, sna heolaíochtaí sóisialta agus sna heolaíochtaí nádúrtha mar chuid lárnach den chuspóir na hOllscoile agus is as an bhfoinse sin a thagann feidhm agus úsáideacht. Sa tslí chéanna, saintréith d'Ollscoil Mhá Nuad freisin is ea an taighde ar son tairbhe sóisialta, a mbíonn pobail agus gníomhaithe lasmuigh den ollscoil rannpháirteach i ndáiríre ann. Is féidir cur síos a dhéanamh ar thaighde rannpháirtíochta mar réimse leathan de chuir chuige diantaghde agus de mhodheolaíochtaí a bhfuil rannpháirtíocht i gcomhar leis an bpobal mar leas coiteann acu agus a bhfuil sé mar aidhm acu ceist a bhaineann le leas an phobail nó ceist atá ag déanamh inní don phobal a fheabhsú, a thuiscint nó a fhiosrú chomh maith le ceisteanna agus fadhbanna suntasacha a bhaineann leis an tsochaí. Déantar taighde rannpháirtíochta a chur chun cinn i gcomhar le comhpháirtithe sa phobal seachas taighde a dhéantar ar a son nó fúthu.





Chomh maith leis na tacaíochtaí a thugaimid don taighde agus don léann bunúsach, cuirimid go straitéiseach lenár gcumas taighde a dhéanamh i gcomhar le pobail, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, an tseirbhís phoiblí agus fiontair. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra atá roimh an tsochaí sa lá atá inniu ann, ní mór iarrachtaí i gcomhar a dhéanamh sa réimse iomlán den chumas taighde atá againn, idir thaighde bunúsach agus thaighde rannpháirtíochta, sna disciplíní go léir, agus gach aon disciplín ag cur a luach uathúil féin ar fáil, luach nach féidir a chomhshamhail a sholáthar. Tá ról lárnach ag líonraí comhoibríocha náisiúnta agus idirnáisiúnta i mórán dár gcuid saothair, agus déanfaimid ár gcuid straitéisí taighde agus idirnáisiúnaithe a ailíniú chun tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí agus do líonraí den chineál sin, agus aird chuí á tabhairt againn ar fhorbairt an éiceachórais taighde agus nuálaíochta go réigiúnach agus go náisiúnta, ar dhinimic an Aontais Eorpaigh agus an dinimic sin ag athrú, agus ar an gcuspóir straitéiseach atá againn maidir le breis rannpháirtíochta le comhpháirtithe i dtíortha atá i mbéal forbartha.

Éilíonn cultúr taighde atá rathúil go mbeadh dóthain saoirse, ama agus tacaíochta ag scoláirí chun dul i mbun taighde ar na caighdeáin idirnáisiúnta is airde, agus é a nascadh lena gcuid oibre sa teagasc, sa tseirbhís agus sa rannpháirtíocht phobail. Tacaíonn ollscoil mhaith taighde leis an saothar léinn atá ar siúl ag gach duine: mic léinn, taighdeoirí atá ag tosú ina ngairmeacha agus scoláirí seanbhunaithe.

Áiríteoimid go meallfaidh an Ollscoil taighdeoirí cumasacha agus go dtabharfaidh sí tacaíocht dóibh, agus go gcuirfidh sí an timpeallacht, an mheantóireacht agus an cheannaireacht ar fáil dóibh chun go mbeidh rath orthu. Cuireann maoirseacht mac léinn taighde agus iardhochtúireachta, foilsíú, agus maoiniú seachtrach a aimsiú ualach suntasach ar an bhfoireann agus tá sé fíor-riachtanach go dtabharfadh an Ollscoil tacaíocht agus spreagadh do na gníomhaíochtaí sin. Ar deireadh, ní fhéadfar cultúr agus timpeallacht taighde atá inbhuanaithe a thógáil ach amháin ar bhonn láidir airgeadais. Tá sé ar intinn againn ár maoiniú seachtrach i gcomhair taighde agus i gcomhair nuálaíochta a mhéadú go suntasach agus tá spriocanna soiléire leagtha síos againn i dtaca leis sin. Tá sé mar aidhm ag an méadú atá á chur ar mhaoiniú i gcomhair taighde cur leis an gcumas atá againn taighde den scoth a dhéanamh agus tacú le mic léinn chumasacha agus le taighdeoirí atá ag tosú ina ngairmeacha chun dul i mbun oibre ag Ollscoil Mhá Nuad. Is eol dúinn go mbeidh infheistíochtaí sonracha agus spriocdhírthe i gcumas taighde de dhíth chun é sin a bhaint amach, chomh maith le hacmhainní agus tacaíochtaí a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach atá dírithe ar thorthaí.

“Tá sé mar sprioc againn an cháil atá orainn mar ollscoil taighde a bhfuil suntas idirnáisiúnta ag baint leí a neartú tuilleadh, agus ár seasamh sa todhchaí a dhaingniú trí infheistíocht spriocdhírthe a dhéanamh i gcumas taighde i roinnt réimsí tosaíochta, trí thiomantas don taighde bunúsach agus don taighde rannpháirtíochta, agus tríd an bhfoireann agus na mic léinn a chumasú chun a gcomhchruthaitheacht a chur i gcion ar dhúshláin mhóra na sochaí.”



1.1. Leanfaimid de bheith ag cur lenár gcumas taighde agus cothú cultúr taighde a mbeidh cáilíocht agus dearcadh idirnáisiúnta ag baint leis, agus infheistíocht á déanamh againn ar fud na ndisciplíní agus i réimsí spriocdhírthe ina bhfuilimid láidir chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra na sochaí.

1. Déanfaimid na hinstiúidí agus na lárionaid taighde atá againn san Ollscoil a neartú, chun spás, am agus bonneagar atá tiomnaithe don taighde a sholáthar, chun tacú le mórchláir taighde agus le deontais, chun idirdhisciplíneacht a chothú, chun forbairt ghrúpaí taighde ar scálaí éagsúla a spreagadh agus a chothú, agus chun ardán a chruthú do mhórchláir taighde idirdhisciplíneacha a thabharfaidh aghaidh ar dhúshláin shuntasacha sa tsochaí.
2. Tabharfaimid tús áite do rannpháirtíocht i Lárionaid SFI atá ailínithe leis na réimsí ina bhfuilimid láidir agus déanfaimid infheistíocht i gcumas taighde a chumasóidh rannpháirtíocht den chineál sin.
3. Cuirfimid luach uathúil breise leis an tírdhreach náisiúnta taighde trí thionscnamh suntasach san áit a dtrasnaíonn an teicneolaíocht agus an tsochaí a chéile, rud a éascóidh machnamh níos doimhne ar scaipeadh agus ar thionchar na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.
4. Tógfaimid ar ár gceannaireacht náisiúnta i dtaca le rochtain oscailte ar thaighde agus leanfaimid de bheith ag cur eolaíocht oscailte agus sonraí oscailte chun cinn go gníomhach.
5. Áiritheoidimid go dtacaíonn leithdháiltí maoinithe inmheánacha le taighde agus le léann ar ardchaighdeán ar fud ár ndisciplíní go léir; áiritheoidimid, go háirithe, go mbeidh tacaíocht le fáil ag foilseacháin agus ag aschur ardchaighdeáin, rannpháirtíocht agus comhar idirnáisiúnta, taighdeoirí atá ag tosú a ngairmeacha, agus ranna agus institiúidí a ghineann ioncam suntasach taighde.
6. Ardóimid próifíl ár dtaighde agus ár gcuid léinn tuilleadh i measc dreamanna tábhachtacha ón taobh amuigh a mbeadh spéis acu ann, agus aird á tarraingt againn ar an ardchaighdeán, an luach agus an ábharthacht a bhaineann leis, agus rannpháirtíocht an phobail inár gcuid taighde chomh maith le tuiscint an phobail air á gcur chun cinn againn.

1.2. Déanfaimid ár gcumas maidir le taighde agus léann den scoth a neartú tuilleadh trí infheistíocht a dhéanamh i ndaoine.

1. Tá sé mar aidhm againn líon na dtaighdeoirí iardhochtúireachta a dhúbailt faoin mbliain 2022 trí mhaoiniú seachtrach, go háirithe i réimsí taighde a bhfuil tosaíocht acu, agus cuirfimid feabhas ar ár struchtúir agus ar ár gcuid tacaíochtaí i dtaca le forbairt ghairme iardhochtúireachta, agus spreagfaimid taighdeoirí iardhochtúireachta chun réimse iomchuí scileanna agus taithí a bhaint amach i gcomhair deiseanna gairme éagsúla.
2. Bunóimid clár foirmiúil um fhorbairt ghairme agus leagfaimid síos ionchais shoiléire d'acadóirí atá ag tosú a ngairmeacha maidir le próifíl taighde idirnáisiúnta a thógáil.
3. Déanfaimid scéimeanna saoire sabóideacha agus taighde a athbhreithniú chun cineálacha saoire atá i bhfad níos solúbtha a sholáthar, ar cineálacha saoire iad nach bhforchuireann pionóis airgid, atá corpraithe i leithdháiltí roinne i dtaca le hualach oibre agus samhlacha, agus atá ailínithe lenár straitéisí maidir le hidirnáisiúnú agus comhionannas.
4. Áiritheoidimid ceannaireacht láidir taighde trí thacaíocht a thabhairt do na ceannairí reatha agus do cheannairí atá ag teacht chun cinn taobh istigh den institiúid agus iad a fhorbairt agus trí earcaíocht sheachtrach spriocdhírthe.



1.3. Méadóimid ár dtacaíocht don taighde rannpháirtíochta agus don taighde dírithe ar fhiontraíocht agus ar nuálaíocht, agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha taighde agus nuálaíochta á dtógáil againn.

1. Cruthóimid ról nua i gceannaireacht shinsearach a mbeidh sainchúram soiléir aige maidir le gníomhaíochtaí agus comhpháirtíochtaí a forbairt chun tacú le taighde rannpháirtíochta agus le teagasc, le tacaíocht ó oifig nua MU Engage, ó oifig MU Knowledge Transfer and Commercialisation agus ó ghorlann ghnó MaynoothWorks .
2. Leanfaimid de bheith ag spreagadh rannpháirtíocht acadúil chuí i gcomhpháirtíochtaí fiontraíochta comhthairbheacha, in aistriú eolais, i nuálaíocht agus i bhfiontraíocht, agus cuirfimid leis an tacaíocht a thugaimid d'fhiontraíocht mac léinn agus iardhochtúireachta.
3. Seolfaimid dhá mhórtionscnamh i dtaighde rannpháirtíochta, mar atá: an ról atá ag an Institiúid Luacha Nuálaíochta (IVI) a leathnú amach agus Lárionad Náisiúnta do Nuáil Seirbhíse agus do Ghlacadh na Teicneolaíochta a dhéanamh de agus an Lárionad Náisiúnta don Nuálaíocht sa Dearadh a bhunú.
4. Tógfaimid áis nua do chomhshuíomh fiontraíochta ar an gcampas, i gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann agus leis an Údarás Forbartha Tionscail.



1.4. Tá sé mar chuspóir againn an t-ioncam bliantúil ó thaighde seachtrach a mhéadú 50% faoin mbliain 2022.

1. Déanfaimid ár n-ioncam bliantúil ó thaighde seachtrach a mhéadú 50% agus ar a laghad ar bith déanfaimid ár n-ioncam ó fhoinsí AE, ó fhoinsí fiontraíochta agus ó fhoinsí neamhrialtasacha a dhúbailt.
2. Déanfaimid straitéis athnuaite do mhaoiniú ón Aontas Eorpach a chur chun feidhme lena n-áirítear earcaíocht spriocdhírthe agus tacaíochtaí sonracha d'iarraitais ar dheontais i dtaca le ERC agus le mórtionscadaí agus cuibhreannais AE.
3. Bunóimid scéim inmheánach nua síolmhaoinithe agus cláir do shaoire taighde ghearrthéarmach chun tacú le forbairt a dhéanamh ar thograí ardchumais i gcomhair maoiniú seachtrach.
4. Tacóimid leis an Oifig Forbartha Taighde agus leis na hinstitiúidí taighde maidir le tacaíocht ardchaighdeán a sholáthar roimh agus i ndiaidh na dámhachtana, agus mar thoradh air sin beidh sé chomh simplí agus is féidir maoiniú a lorg agus tionscadaí atá maoinithe go seachtrach a chur i gcrích.

2. Oideachas Iarchéime

Mar ollscoil taighde phoiblí, thiomnaigh Ollscoil Mhá Nuad ón uair a bunaíodh í go ndéanfadh sí oideachas iarchéime ar ardchaighdeán a sholáthar.

Tá cuntas teiste den scoth againn maidir le hoideachas dochtúireachta, agus é sin bunaithe ar dheiseanna iontacha i gcomhair taighde agus léinn, maoirseacht sármhaith, agus struchtúir atá soiléir agus solúbtha i gcomhair céimeanna taighde. Tugann dochtúireacht in Ollscoil Mhá Nuad dúshlán na mac léinn agus cumasaíonn sí iad chun na scileanna taighde, anailiseacha, sintéiseacha, cumarsáide agus comhair a fhorbairt, ar scileanna iad atá rithábhachtach ní hamháin san obair acadúil ach chomh maith leis sin i ngairmeacha ar fud na n-earnálacha go léir sa sochaí eolais seo againne. Cuireann oideachas dochtúireachta athrú iomlán ar an duine agus athraíonn sé an tsochaí mar go bhfuil cumas uathúil ag taighdeoirí ardoilte aghaidh a thabhairt ar dhúshlán phráinneacha an lae inniu agus tionscnaimh a shamhlaíonn agus a chruthaíonn todhchaíochtaí nua a threorú.

Déanfaimid an líon mac léinn dochtúireachta ag Ollscoil Mhá Nuad a mhéadú go suntasach de bhrí gur cuid bhunúsach dár dtaighde agus dár dteagasc iad agus an teagasc sin á threorú ag an taighde; de bhrí go gcuireann siad fuinneamh i saol intleachtúil agus cultúrtha na hOllscoile agus an réigiú; de bhrí go léiríonn fianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta gur ullmhúchán den scoth é an t-oideachas dochtúireachta do réimse leathan gairmeacha dúshlánach; agus de bhrí go bhfuil sé de chumhacht ag céimithe dochtúireachta athrú atá fíor agus dearfach a fheidhmiú sa tsochaí ina hiomláine. Aithnítear sa straitéis seo go bhfuil an buntaighde ag croílár na céime dochtúireachta, mar gur tríd an taithí sin a bhaintear amach na torthaí is tábhachtaí ón gcéim.

Tá sé mar chuspóir againn tacú leis an ngníomhaíocht lárnach sin le gnéithe a chuireann le scileanna na gcéimithe agus a thugann tacaíocht dá n-infhostaitheacht sa todhchaí. Ina theannta sin, aithnítear go sonrach sa straitéis seo an cumas atá ag dochtúireachtaí gníomhaíocha, cleachtais agus gairmiúla ár bpunann taighde a shaibhriú, an t-eispéireas dochtúireachta a éagsúlú, agus comhpháirtíochtaí a thógáil idir an Ollscoil agus pobail níos leithne.

Tá punann de chlárí fochéime múinte ar ardchaighdeán ag Ollscoil Mhá Nuad agus é sin ag dul i méid, punann a cruthaíodh mar thoradh ar thiomantas na foirne i ranna aonair na hOllscoile. Léiríonn an taithí a fuairamar agus an curaclam nua d'fhochéimithe á fhorbairt agus á thabhairt isteach againn an luach a bhaineann le rogha, solúbthacht agus an comhar idir-rannach maidir le clár uathúil a sholáthar a mbeidh an-tóir ag mic léinn air agus a thabharfaidh spreagadh dóibh. Tá sé mar straitéis againn tógáil ar an rath seo agus punann sainiúil fochéime a fhorbairt atá lúfar agus a fhreagraíonn do riachtanais na mac léinn, agus a thugann a ndúshlán maidir lena spriocanna acadúla agus gairmiúla a bhaint amach. Chun é sin a dhéanamh, ní mór go mbeadh ról straitéiseach níos mó ag Scoil na gCéimithe (chun maoirseacht straitéiseach a sholáthar agus clárí fochéime a chomhordú agus chun muintearas a chothú i measc mic léinn iarchéime) agus struchtúir phleanála ag leibhéal dáimhe. Leanfaimid orainn ag coinneáil súil ghéar ar chaighdeán agus ar dhoichte eispéireas an mhic léinn iarchéime, agus áiritheoidimid go mbeidh na próisis agus na tacaíochtaí oiriúnach agus go mbeidh spás agus áiseanna tiomnaithe ar fáil.





Aithnímid gur céim chomhfhiosach maidir lena bhforbairt ghairmiúil agus lena bhforbairt ghairme a bhíonn sa chinneadh a dhéanann mórán mac léinn tabhairt faoi chlár iarchéime, agus dá bhrí sin gné thábhachtach dár straitéis i leith oideachas iarchéime is ea cur leis na tacaíochtaí d'infhostaitheacht céimithe. Is mar thoradh ar chultúr uathúil coláisteach a bheith aici atá Ollscoil Mhá Nuad láidir.

Agus fás san oideachas fochéim e á phleanáil againn, aithnímid gurb iad ár mbonn eiticíúil, ár scála daonnúil agus ár gcur chuige comhoibríoch na tosca a thiomáineann na tionchair as cuimse atá againn i gcúrsaí teagaisc agus taighde. Caithfear na tréithe uathúla sin a chaomhnú agus a fheabhsú ionas go leanfaidh Ollscoil Mhá Nuad ar aghaidh ag giniúint lorg domhanda atá i bhfad níos mó ná a méid.

“Tá sé mar sprioc againn ár bpunann de chlár iarchéime a leathnú agus a fheabhsú, rud a áiríteoidh ardoideachas den scoth a bheidh dúshlánach dár mic léinn agus a chuirfidh ar a gcumas na scileanna intleachtúla agus an lúth a fhorbairt chun a bheith rathúil i réimse leathan de ghairmeacha fiúntacha.”



2.1. Déanfaimid tuilleadh forbartha ar dhochtúirteacht Ollscoil Mhá Nuad mar eispéireas oideachais bunathraitheach, agus ar dtaighde agus scileanna na mac léinn á bhforbairt againn agus iad á n-ullmhú chun cuidiú go suntasach leis an tsochaí i réimse leathan feidhmeanna agus gairmeacha.

1. Léireoidimid ceannaireacht idirnáisiúnta maidir lena áirithiú go ndéanfar an chéim dhochtúra a oiriúnú chun riachtanas na mac léinn agus na sochaí a shásamh, agus na riachtanais sin ag athrú.
2. Déanfaimid an cur chuige atá againn maidir leis an dochtúireacht struchtúrtha a bheachtú agus a fheabhsú, agus soláthar éifeachtach agus éifeachtúil na ngnéithe múinte á áirithiú againn; déanfaimid réimse sonrach scileanna a fhorbairt; déanfaimid infhostaitheacht céimithe a fheabhsú le linn an chlár;+ agus déanfaimid céimithe a ullmhú go sainráite do réimse leathan de ghairmeacha dúshlánacha.
3. Tacóimid le leathnú a dhéanamh ar dhochtúireachtaí idirdhisciplíneacha, rannpháirtíochta, tionsclaíochta, cleachtóra agus gairmiúla, lena n-áirítear socruithe nua i gcomhair dochtúireachtaí cómhaoinithe.
4. Áiritheoidimid go ndéanfar maoirseacht chomhsheasmhach den scoth ar mhic léinn taighde ar fud na hOllscoile.
5. Ardóimid líon na mac léinn dochtúireachta agus é mar sprioc againn 600 a bheith ar an rolla.


2.2. Cuirfimid feabhas ar tharraingteacht, ar inbhuanaitheacht agus ar sholúbthacht phunann na Máistreachta múinte atá againn, agus ar an mbealach sin beifear ábalta líon na rolluithe don Mháistreacht mhúinte a mhéadú ó 1,000 go dtí 1,600.

1. Bunóimid Tascfhórsa Máistreachta (MTF) chun athbhreithniú agus athstruchtúrú ar phunann na Máistreachta múinte a mhaoirsiú, agus dearcadh uile-dhámhche agus uile-Ollscoile á ghlacadh againn, agus spreagfaimid leibhéal níos airde den chomhar idir-rannach chun uasmhéadú a dhéanamh ar an méid a chuidíonn gach roinn agus gach comhalta dáimhe le punann foriomlán an chláir.
2. Áiritheoidimid go n-ullmhóidh ár gclár Máistreachta céimithe do ghairmeacha atá dúshlánach agus ilghnéitheach, agus déanfar é sin i ndearadh foriomlán ár gclár agus trí ghnéithe atá dírithe ar infhostaitheacht a bheith san áireamh iontu.
3. Déanfaimid straitéis shoiléir a fhorbairt do na cláir iarchéime go léir maidir le margaíocht agus earcaíocht agus áiritheoidimid go dtabharfaidh suíomh gréasáin na hOllscoile pictiúr soiléir agus bríomhar de na cláir iarchéime agus d'eispéireas na mac léinn.
4. Tógfaimid ar an méid atá déanta cheana féin againn maidir le rannpháirtíocht a leathnú chun a áirithiú go mbeidh rochtain chothrom agus ionchuimsitheach ar staidéar iarchéime, trí chlár atá solúbtha agus páirt-aimseartha, trí aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim a rinneadh roimhe seo, trí chlár rochtana ar leith, trí thacaíocht a thabhairt do mhic léinn chun tacaíocht airgeadais a fháil, agus trí mhargaíocht agus for-rochtain.

2.3. Oibreoimid lena áirithiú go mbeidh eispéireas na mac léinn iarchéime ar an gceann is fearr in Éirinn, agus dá bharr sin go mbeidh ar chumas foghlaimoirí éagsúla a gcuid spriocanna acadúla agus gairmiúla a bhaint amach.

1. Cuirfimid acmhainní ar fáil do Scoil na gCéimithe agus don Oifig Staidéir iarchéime chun tacaíocht den scoth ar chur ar fáil do mhic léinn iarchéime agus d'fhorbairt clár iarchéime ar bhealach a dhearbhaíonn na luachanna atá ag Ollscoil Mhá Nuad, mar atá ionchuimsitheacht, coláisteacht agus feabhas acadúil.
2. Cuirfimid tuilleadh feabhais ar an muintearas i measc na mac léinn iarchéime, trí ghníomhaíochtaí intleachtúla, cultúrtha agus sóisialta, agus trí imeachtaí agus áiseanna.
3. Cuirfimid breis spáis tiomnaithe ar fáil do theagasc iarchéime agus do mhic léinn taighde iarchéime.





3.

Oideachas Fochéime

Tá an-cháil go deo ar Ollscoil Mhá Nuad i dtaca le hoideachas fochéime, agus bhí an leasú forleathan a rinneadh ar an gcuraclam fochéime le déanaí ar cheann de na móréachtaí a baineadh amach faoi Phlean Straitéiseach na hOllscoile 2012i17. Mar thoradh air sin, cuireann curaclam Ollscoil Mhá Nuad go mór lena bhfuil á thairiscint againn d'fhochéimithe agus d'fhéadfaí a mhaíomh gurb é sin an fhorbairt is suntasaí agus is cuimsithí a rinneadh ar oideachas fochéime sa tír seo le blianta fada. Tá an bhéim a leagtar sa churaclam ar scileanna intleachtúla, solúbthacht, teaghlaim uathúla ábhar, topaicí roghnacha, agus foghlaim ó thaithí tar éis dul i bhfeidhm ar mhic léinn agus mar thoradh air sin tá éileamh níos mó ar ár gcláir. I measc na gcomhpháirteanna tábhachtacha atá sa churaclam nua tá

- Líon níos lú de bhealaí iontrála chuig an oideachas fochéime ach gur bealaí níos leithne iad;
- Breis solúbthachta maidir le roghanna ábhar agus maidir le conairí chun cinn;
- Béim faoi leith ar scileanna a bhaineann le smaointeoireacht chriticiúil, anailís, agus cumarsáid shoiléir a fhorbairt, ag tosú sa chéad bhliain le modúil atá tiomnaithe do scileanna criticiúla;
- Mórábhair nua, réimsí staidéir nua agus teaglamaí uathúla ábhar;
- Modúil thoghtacha a bhfuil creidiúintí ag gabháil leo agus iad ar fáil do na mic léinn go léir, lena n-áirítear modúil sna nuatheangacha, san fhiontraíocht, san eolaíocht agus an tsaothair agus san athrú comhshaoil;
- Creat don fhoghlaim feabhsaithe ó thaithí; agus,
- Beartais acadúla, rialacha agus rialacháin atá athbheithnithe.

Spreagtar mic léinn chun a gconair oideachais a chruthú i gcomhar, agus tá an rogha mar chuid lárnach den eispéireas pearsantaithe seo.

Fíoróidh an straitéis seo an cumas iomlán a bhaineann le curaclam nua Ollscoil Mhá Nuad, agus béim á leagan ar na cláir nua atá á soláthar againn a leabú agus a fhorbairt go hiomlán. Cuirfidh riachtanais ár bpáirtithe leasmhara bonn eolais faoin gcuraclam, agus déanfar an fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis na mic léinn, chun solúbthacht agus infhostaitheacht ár gcéimithe a áirithiú i saol a bheidh ag athrú de shíor. Mar thoradh air sin, beidh eispéireas níos fearr ag an mac léinn, agus tacófar lenár mic léinn chun a bheith ina bhfoghlaiméoirí i rith a saoil agus ina saoránaigh gníomhacha freagracha domhanda, agus é de chumas acu dífríocht a dhéanamh sa domhan.

Ní féidir linn deimhin a dhéanamh de chaighdeán eispéireas na mac léinn ná d'fhorbairt leanúnach ár gclár fochéime. Tá am, fuinneamh agus acmhainní de dhíth orthu. Ina theannta sin, ciallaíonn cineál an eispéiris ag an dara leibhéal, go mbíonn athrú dúshlánach i ndán do mhóran mac léinn i gcúrsaí foghlama ag an ollscoil; agus dá bhrí sin, tá orainn freagairt dó sin, go háirithe sna blianta tosaigh, agus ionchais atá soiléir agus ard a leagan síos agus tacaíocht a thabhairt do mhic léinn chun iad sin a shásamh. Déantar iarracht sa phlean seo an t-eispéireas iarchéime is dual d'Ollscoil Mhá Nuad a chothú agus a shuibhriú, agus go háirithe caighdeán agus minicíocht na dteagmhálacha idir na mic léinn agus an fhoireann. Éilíonn sé sin tagarmharcáil agus an cóimheas cuí idir na mic léinn agus an fhoireann a choinneáil, tacaíochtaí do mhic léinn a neartú, agus timpeallacht foghlama spreagúil a sholáthar a chuirfidh idirghníomhaíocht intleachtúil agus shóisialta chun cinn.



3.1. Déanfaimid tuilleadh forbartha ar churaclam fochéime uathúil Mhá Nuad, agus beidh réimsí nua staidéir agus teaglamaí nua d'ábhair, rogha níos mó de thopaicí roghnacha agus deiseanna breise chun scileanna criticiúla agus anailiseacha a fhorbairt á dtairiscint againn do mhic léinn.

1. Déanfaimid ár mic léinn a chumasú chun a bheith ina bhfoghlaimoirí neamhspleácha agus déanfaimid a bhféinfeachtúlacht a chothú trí thimpeallacht foghlama a sholáthar a bhfuil bunús taighde léi agus eispéireas oideachais pearsantaithe, a spreagann smaointeoireacht chriticiúil, a thacaíonn le foghlaim neamhspleách agus le hiarracht intleachtúil, agus a thugann na buanna riachtanacha do mhic léinn chun a bheith rathúil sa todhchaí.
2. Leanfaimid den obair ar an aistriú chuig oideachas ollscoile, agus leagfaimid síos ionchais dár mic léinn atá soiléir agus ard, agus cuirfimid na tacaíochtaí agus na hacmhainní ar fáil dóibh chun na caighdeáin is airde is féidir a bhaint amach.
3. Leanfaimid den fhorbairt ar an gcuraclam iarchéime, agus béim á leagan againn ar na nithe seo a leanas:
 - Tacaíocht a thabhairt do na cuir chuige maidir le teagasc grúpaí móra is fearr a mheallann mic léinn;
 - Na deiseanna i gcomhair foghlama i ngrúpaí beaga a bharrfheabhsú;
 - Na cláir nua atá á soláthar againn a leabú agus a fhorbairt go hiomlán;
 - Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar scileanna anailiseacha, scileanna smaointeoireachta criticiúla, agus scileanna taighde ón gcéad bhliain go dtí an bhliain deiridh;
 - Modúil agus conairí foghlama idirdhisciplíneacha;
 - Foghlaim teangacha;
 - Solúbthacht soláthair feabhsaithe.
4. Déanfaimid an struchtúr atá ar an gcéim BSc a athbheithniú agus a bharrfheabhsú, agus, lenár láidreachtaí taighde mar bhonn eolais againn, méadóimid líon na rolluithe agus réimse na n-ábhar a sholáthraímid, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mac léinn agus ar an nganntanas scileanna sa tsochaí ar bhealach níos fearr.
5. Cuirfimid tuilleadh feabhais ar an gcéim BA:
 - Trí iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí ina bhféadfadh ár mic léinn BA síneadh a chur lena gclár chun clár ceithre bliana a dhéanamh de agus;
 - Trí thógáil ar ár dtaithe agus ar ár rath san oideachas aosach chun rogha pháirtaimseartha a fhorbairt don BA agus go mbeadh tacaíochtaí oiriúnacha ar fáil d'fhoghlaimoirí páirtaimseartha.
6. Déanfaimid forbairt ar líon céimeanna nua ealaíon agus eolaíochta ina mbeidh dhá ábhar, agus tabharfar tosaíocht do na teaglamaí sin is mó a bhfuil luach leo do na mic léinn agus don tsochaí.
7. Glacfaimid cur chuige bunaithe ar shaolré an mhic léinn chun tacú le mic léinn ar feadh na mblianta go léir ina bhfuil siad ag gabháil dá mbunchéim, lena n-áirítear seisiún treorach feabhsaithe maidir le saol na hollscoile agus an fhoghlaím, tacaíochtaí breise chun go mbeadh ar chumas na mac léinn roghanna feasacha a dhéanamh maidir le cláir, na tionscnaimh reatha idir píaraí do mhic léinn a fhorbairt agus a neartú, agus an fhoghlaím ó thaithí agus an fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil a chur chun cinn.
8. Leanfaimid de bheith ag déanamh faireacháin agus measúnachta ar an tionchar atá ag leasú agus forbairt ár gcuraclaim fochéime.

“Is é an sprioc atá againn an cumas iomlán a bhaineann le curaclam fochéime nua Ollscoil Mhá Nuad a fhíorú chun an t-oideachas ollscoile is fearr in Éirinn a sholáthar, agus chun ár mic léinn a ullmhú don obair, don saol agus don tsaoránacht rannpháirteach trí phunann clár agus timpeallacht foghlama atá uathúil, éagsúil agus dúshlánach ó thaobh na hintleachta de a chur ar fáil, agus déanfaimid réimsí nua staidéir agus meascán nua d'ábhair a chur ar fáil.





3.2. Cuirfimid réimse feabhsaithe d’eispéiris chomhchuraclaim agus seach-churaclaim ar fáil do mhic léinn, agus mar thoradh air sin beidh deiseanna níos forleithne acu chun a gcuid scileanna agus a gcuid inniúlachtaí a fhorbairt don obair, don saol agus don tsaoránacht ghníomhach.

1. Déanfaimid eispéireas na mac léinn a shaibhriú trí phunann de dheiseanna don fhoghlaim ó thaithí a sholáthar, ar fud na n-ealaíon, na n-eolaíochtaí sóisialta, na heolaíochta agus na hinnealtóireachta, agus déanfaidh an Ollscoil an méid sin a chur ar bhonn foirmiúil agus a aithint mar chonair don fhoghlaim ó thaithí, agus beidh sé dírithe ar thaighde fochéime, socrúchán oibre, foghlaim sheirbhíse, oibriú go deonach, staidéar agus obair a dhéanamh thar lear, agus ceannaireacht mac léinn..
2. Neartóimid ár gcumas chun tacú le forbairt phearsanta agus ghairmiúil na mac léinn agus chun tacú leo agus a ngairmeacha á bpleanáil acu.
3. Bainfimid leas as réimse leathan de comhpháirtithe seachtracha (earnáil na tionsclaíochta, fiontair, an earnáil phoiblí, an tsochaí shibhialta, an pobal, agus na healaíona agus an cultúr) agus spreagfaimid ár gcéimithe chun deiseanna comhchuraclaim agus seach-churaclaim chomh maith le meantóireacht a chur ar fáil dár mic léinn.
4. Tabharfaimid tacaíocht straitéiseach d’fhorbairt clubanna agus cumann do mhic léinn chun tacú leis an bhfoghlaim ó thaithí.

4.

Eispéireas na mac léinn, seirbhísí agus tacaíochtaí

Tá cáil ar Ollscoil Mhá Nuad, agus an cháil sin tuillte aici, mar ollscoil a chuireann eispéireas mac léinn den scoth ar fáil, eispéireas atá bunaithe ar fháil a bheith ar an bhfoireann, an-mhuintearas idir an fhoireann agus na mic léinn, agus caighdeán agus minicíocht na n-idirghníomhaíochtaí idir an fhoireann agus na mic léinn. Áiríteoidh an straitéis sin go gcaomhnófar agus go bhfeabhsófar eispéireas na mac léinn agus saibhreas an chaidrimh idir an fhoireann agus na mic léinn de réir mar a fhásann an Ollscoil.

Tugann réimse seirbhísí a shaibhríonn saol na mac léinn, an fhoghlaím, agus an fhorbairt phearsanta tacaíocht d'eispéireas foghlama na mac léinn. Feidhmíonn na seirbhísí sin i gcomhpháirt le hAontas na Mac Léinn in Ollscoil Mhá Nuad chun réimse ilghnéitheach de ghníomhaíochtaí spóirt, sóisialta, agus cultúrtha a sholáthar, ar ghníomhaíochtaí iad atá mar chuid thábhachtach de shaol na mac léinn; chomh maith leis sin, soláthraíonn na haonaid sin sainseirbhísí a thacaíonn le sláinte agus le folláine na mac léinn. Tá an straitéis seo dírithe ar infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí tacaíochta do mhic léinn agus ar fheabhas a chur orthu, faoi mar atá oiriúnach d'fhás na hOllscoile agus do riachtanais ár mac léinn agus na riachtanais sin ag athrú; ar spórt agus aclaíocht a chur chun cinn le háiseanna nua agus le cláir mhéadaithe; agus ar shaol sóisialta agus cultúrtha an champais a bheochan tuilleadh.

“Tá sé mar sprioc againn a áirithiú go ndéanfar cáilíocht eispéireas na mac léinn agus an caidrimh idir an fhoireann agus na mic léinn a chaomhnú agus a shaibhriú tuilleadh de réir mar a fhásfaidh an Ollscoil..”



4.1. Áiritheoimid go bhfeabhsófar caighdeán eispéireas na mac léinn agus chomh maith leis sin go gcaomhnófar saibhreas an chaidrimh idir an fhoireann agus na mic léinn de réir mar a fhorbraíonn an Ollscoil.

1. Déanfaimid ár gcóimheas idir foireann agus mic léinn a thagarmharcáil ag leibhéal leathan disciplín in aghaidh ollscoileanna eile in Éirinn, agus socrófar agus coinneofar sprioc-chóimheas oiriúnach idir foireann agus mic léinn.
2. Déanfaimid infheistíocht shuntasach i spásanna teagaisc nua agus sna spásanna teagaisc reatha agus i mbonneagar foghlama, agus dá bharr sin cuirfear áiseanna den chineál is úire ar fáil chun riachtanais ár mac léinn a shásamh, ar riachtanais iad atá ag athrú agus líon na mac léinn ag dul i méid.
3. Cuirfimid leis an soláthar spásanna don fhoghlaím neamhfhoirmiúil, agus leis an soláthar spásanna sóisialta, cruinnithe agus pobail ar fud an champais don fhoireann agus do na mic léinn, chun coinneáil suas le fás na hOllscoile agus chun comhrá agus idirghníomhaíocht idirdhisciplíneach a spreagadh.
4. Déanfaimid an caidreamh idir an Ollscoil agus Aontas na Mac Léinn in Ollscoil Mhá Nuad a fhorbairt, agus déanfar ról agus freagrachtaí an dá eagraíocht a shoiléiriú, agus déanfar ár straitéisí i dtaca le saol na mac léinn, clubanna agus cumainn agus tacaíocht do mhic léinn a ailíniú.

4.2. Áiritheoimid go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ar fáil do sheirbhísí riaracháin agus tacaíochta do mhic léinn agus go mbeidh an struchtúr cuí orthu chun freastal ar na riachtanais a bheidh ag pobal mac léinn a bheidh ag fás agus a mbeidh éagsúlacht ag baint leis.

1. Beidh cur chuige comhtháite uile-ollscoile maidir le riarachán agus tacaíochtaí mac léinn againn, agus riachtanais saolré gach aicme mac léinn (fochéime agus iarchéime, lánaimseartha agus páirtaimseartha, intíre, idirnáisiúnta, traidisiúnta agus rochtana) á gcur san áireamh againn, agus áiritheoimid go sásóidh na beartais, na próisis, na córais agus na tacaíochtaí atá againn na riachtanais faoi leith atá ag cohórt mac léinn atá ag éirí níos éagsúla.
2. Cuirfimid leis na feidhmeanna a bhaineann le foghlaim ó thaithí, socrúchán, foghlaim sheirbhíse, agus forbairt ghairme agus déanfaimid comhtháthú níos fearr orthu chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhoghlaím, forbairt ghairme, ullmhúchán don obair, agus pleanáil ghairme na mac léinn, agus áiritheoimid go sásóidh na feidhmeanna sin riachtanais na mac léinn ag gach leibhéal oideachas, lena n-áirítear leibhéal fochéime, iarchéime agus dochtúireachta.
3. Déanfaimid comhdhlúthú, laistigh de theorainneacha agus de phrionsabail na reachtaíochta a bhaineann le cosaint sonraí, ar an réimse de shonraí mac léinn a bhailíonn an Ollscoil, agus bainfimid úsáid oiriúnach as anailísíocht sonraí chun mic léinn atá i mbaol a aithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh.
4. Tacóimid le cláir bhríomhara spóirt, shiamsaíochta agus aclaíochta do mhic léinn.
5. Déanfaimid athbhreithniú ar an tsamhail mhaoinithe do sheirbhísí agus do thacaíochtaí na mac léinn agus déanfaimid infheistíocht iontu, agus béim á leagan againn ar thacaíocht a thabhairt do mheabhairshláinte agus d'fholláine na mac léinn.



5.

Idirnáisiúnú

Tá méadú mór tagtha ar an líon mac léinn idirnáisiúnta atá ag roghnú dul i mbun staidéir agus i mbun taighde ag Ollscoil Mhá Nuad le cúig bliana anuas, agus is é sin, chomh maith le is an gclaonadh idirnáisiúnta níos forleithne atá mar chuid bhunúsach dár saothar léinn, atá tar éis éagsúlacht níos mó a thabhairt d'eispéireas na mac léinn agus pobal níos ilchultúrtha a dhéanamh dinn.

Leagtar béim sa straitéis seo ar chur chuige atá cuimsitheach agus eiticíúil i dtaca leis an idirnáisiúnú, ar cur chuig é a spreagann mic léinn agus baill foirne le bheith ina saoránaigh gníomhacha i ndomhan atá idirnasctha agus domhandaithe. Baineann an straitéis seo le córais a chruthú, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu lena áirithiú go gcuirfear na gnéithe idirnáisiúnta den fhoghlaime, den léann agus de sheirbhísí san áireamh i ngach gníomhaíocht agus i ngach tionscnamh de chuid na hOllscoile. Táimid ar an eolas faoin Straitéis Idirnáisiúnta Oideachais d'Éirinn (2016-2020) agus dá bhrí sin leagaimid béim ar chaighdeán eispéireas an fhoghlaimeora, ar an taighde agus ar shoghluaisteacht chun tairiscint uathúil Ollscoil Mhá Nuad a chruthú agus an tairiscint sin ag croílár sholáthar oideachais idirnáisiúnta na hÉireann.

Aithnímid go mbaineann luach an idirnáisúnaithe le hidirphlé a chothú idir an réimse náisiúnta agus an réimse idirnáisiúnta, idir an réimse áitiúil agus an réimse domhanda, agus dá bhrí sin tá an cur chuige atá againn fréamhaithe inár n-oidhreacht léinn agus chultúrtha agus baineann sé go sainiúil leis an institiúid.

Ní féidir gurb é an tsoghluaisteacht isteach mac léinn an t-aon chuspóir amháin atá le hidirnáisiúnú má tá sé le bheith

mar thogra inbhuanaithe agus luach fadtéarmach a chur leis an Ollscoil agus lena cuid mac léinn. Dá bhrí sin, tá sé ar intinn againn cur leis an tsoghluaisteacht amach trí laghdú a dhéanamh ar na bacainní ar fhoghlaime thar lear agus ár rannpháirtíocht i gclár malairte Erasmus a mhéadú.

Tá punann suntasach de chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ag Ollscoil Mhá Nuad a ndéanfar tuilleadh forbartha orthu ar bhealach atá spriocdhírthe, struchtúrtha agus córasach, lena n-áirítear craobhchampas idirnáisiúnta a fhorbairt.

Aithníonn Ollscoil Mhá Nuad an suíomh pribhléideach atá aici mar ollscoil a bhfuil acmhainní réasúnta maith aici i sochaí rachmasach dhaonlathach, agus na dualgais atá uirthi dá bhrí sin maidir le hidirnáisiúnú eiticíúil, fíor-chomhpháirtíocht agus forbairt inbhuanaithe.

Tá soghluaisteacht idirnáisiúnta na foirne, chuig agus as Ollscoil Mhá Nuad, mar thosaíocht mar gheall ar na buntáistí a bhaineann léi maidir le taighde, teagasc agus an feabhas leanúnach ar sheirbhísí agus ar oibríochtaí na hollscoile.

Tugann mic léinn idirnáisiúnta rátáil an-ard d'Ollscoil Mhá Nuad i gcónaí mar cheann scríbe den scoth i gcomhair staidéar idirnáisiúnta. Mar sin féin, is constaicí móra iad lánpháirtíú acadúil agus sóisialta i gcás mic léinn idirnáisiúnta agus is gá dúinn tacú le próisis athchultúraithe agus lánpháirtithe a bhaineann go sonrach le mic léinn idirnáisiúnta. Glacaimid chugainn dearcadh "shaolré an mhic léinn" chun tacaíochtaí a bheidh réidh agus cuimsitheach a áirithiú, le linn eispéireas oideachais idirnáisiúnta an mhic léinn agus ina dhiaidh.



“Tá sé mar sprioc againn a bheith mar fhíor-ollscoil idirnáisiúnta, ar ollscoil í a ghlacfaidh cur chuige cuimsitheach agus eiticíúil i leith an idirnáisiúnaithe agus a mbeidh leibhéil arda de shoghluaisteacht idirnáisiúnta ag baint léi i dtaca leis na mic léinn agus leis an bhfoireann, comhpháirtíochtaí láidre domhanda, agus campas beoga idirnáisiúnta agus idirchultúrtha.”



5.1 Cuirfimid go suntasach leis na deiseanna do shoghluaisteacht idirnáisiúnta na mac léinn chuig agus as Ollscoil Mhá Nuad.

1. Tógfaimid ar an rath a bhí orainn go dtí seo chun deiseanna níos forleithne a chruthú do mhic léinn idirnáisiúnta chun go mbeidh ar a gcumas dul i mbun staidéir ag Ollscoil Mhá Nuad, lena n-áirítear gearrchláir, staidéar thar lear, Erasmus agus rolluithe do chéimeanna iomlána, agus méadóimid líon na mac léinn idirnáisiúnta go dtí 15% de líon iomlán na mac léinn.
2. Cuirfimid lenár réimse de chomhpháirtíochtaí um malartú mac léinn le mór-ollscoileanna idirnáisiúnta chun tacú le soghluaisteacht chothrom amach agus isteach, agus méadóimid ár rannpháirtíocht i gclár Erasmus trí phunann spriocdhírthe de chomhpháirtíochtaí Erasmus agus de chomhpháirtíochtaí malartaithe a fhorbairt.
3. Cuirfimid feabhas ar ár dtacaíochtaí do shoghluaisteacht mac léinn amach as an ollscoil agus dúblóimid an cion de chohórt na mac léinn a bhainfidh céim amach tar éis tréimhse ama a chaitheamh thar lear mar chuid fhoirmiúil dá gcuid staidéir.



5.2 Cothóimid caidreamh comhthairbheach le príomh-ollscoileanna comhpháirtíochta idirnáisiúnta.

1. Oibreoimid chun ár gcaidreamh le comhpháirtithe reatha a comhdhlúthú, agus cothóimid caidreamh le comhpháirtithe nua, ar bhealach atá spriocdhírthe, struchtúrtha, córasach agus in ord tosaíochta, bunaithe ar Chreat um Rannpháirtíocht Comhpháirtithe Straitéiseacha a léiríonn cultúr agus éiteas na hOllscoile, na buntáistí agus na deiseanna do na comhpháirtithe go léir, agus na prionsabail a bhaineann le hidirnáisiúnú eiticiúil.
2. Déanfaimid líon teoranta de príomh-chomhpháirtithe straitéiseacha idirnáisiúnta a shainaithint, i réigiúin éagsúla ar fud an domhain, agus cothóimid caidreamh domhain leo i gcúrsaí taighde, teagaisc agus institiúideacha.
3. Ag teacht lenár ngealltanais i dtaca le ceartas, comhionannas agus idirchultúrachas, bunóimid príomh-chomhpháirtíochtaí straitéiseacha le hinstitiúidí i dtíortha atá i mbéal forbartha chun tacú le comhthaighde agus comhfhoghlaím.
4. Déanfaimid ár straitéisí maidir le taighde agus idirnáisiúnú a ailíniú ionas go dtacaíonn ár gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta le comhar láidir i gcúrsaí taighde.
5. Cuirfimid cláir de chuid Ollscoil Mhá Nuad nó cláir chomhpháirteacha le hollscoileanna idirnáisiúnta a bhfuil comhpháirtíocht straitéiseach againn leo ar fáil ar choinníoll (i) go bhféadfar caighdeán agus cumas acadúil an chomhpháirtí agus na gclár a dhearbhu dúinn; (ii) go gcuirfidh soláthar rathúil na gclár le próifíl agus le cáil Ollscoil Mhá Nuad; agus (iii) go bhfuil an chomhpháirtíocht inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de.
6. Bunóimid comhcholáiste idirnáisiúnta le mór-ollscoil de chuid na Síne chun cur lenár láithreacht sa tSín.
7. Freagróimid do na dúshláin atá romhainn mar thoradh ar chinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil trí neartú a dhéanamh ar na naisc atá againn le taighdeoirí sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas Eorpach agus trína áirithiú go mbeidh Ollscoil Mhá Nuad ullmhaithe go maith chun tacú leis na hathr

5.3 Tacóimid le soghluaisteacht idirnáisiúnta foirne sa bhreis chuig agus as Ollscoil Mhá Nuad.

1. Cuirfimid an cumas maidir le comhar taighde san áireamh mar chritéar nuair a bhíonn mór-chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta á mbunú againn.
2. Tabharfaimid tacaíocht do chomhar taighde lenár bpríomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta, cuirfimid na gníomhaíochtaí comhair reatha in iúl agus déanfaimid iniúchadh ar dheiseanna maoinithe idirnáisiúnta sa réimse sin.
3. Tabharfaimid tosaíocht d'iarratais ar shaoire shabóideach agus ar shaoire thaighde ghearrthéarmach a chothaíonn nó a dhaingíonn caidreamh taighde le príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta.
4. Díreimid roinnt de scoláireachtaí dochtúireachta John agus Pat Hume ar iarratais i gcomhair comhstaidéar dochtúireachta le comhpháirtithe straitéiseacha idirnáisiúnta.
5. Déanfaimid cláir ghearrthéarmacha idirnáisiúnta a fhorbairt (m.sh. scoileanna samhraidh/geimhridh) a mbeidh baint dhíreach acu lenár mórínstitiúidí taighde agus lenár láidreachtaí taighde.

Rinne MU níos mó ná dúbailt a dhaonra idirnáisiúnta mac léinn idir 2010-11 agus 2016-17 - ó 540 go dtí 1,100. An t-aistriú seo chugainn: ag tabhairt níos mó taithí idirnáisiúnta do mhic léinn MU intíre.





5.4 Áiritheoidimid eispéireas den chéad scoth do mhic léinn idirnáisiúnta agus seirbhísí den scoth chun tacú le hidirnáisiúnú na hOllscoile.

1. Beidh cur chuige bunaithe ar shaolré an mhic léinn againn maidir le soláthar seirbhísí chun tacú le mic léinn atá ag teacht isteach agus ag imeacht.
2. Cuirfimid acmhainní ar fáil don Oifig Idirnáisiúnta chun tacaíocht den scoth a thabhairt d'idirnáisiúnú na hOllscoile, ar bhealach a dhearbhaíonn an cháil atá orainn mar cheann scribe den scoth do staidéar thar lear, agus mar comhpháirtí straitéiseach maith atá tiomanta don idirnáisiúnú cuimsitheach agus eiticíúil.

6.

Comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus idirchultúrachas

Tá Ollscoil Mhá Nuad, ó bunaíodh í, tiomanta go mór don chomhionannas agus don ionchuimsitheacht. Riamh anall, mheallamar mic léinn agus foireann ó réimse de chúilraí éagsúla agus chuireamar timpeallacht ar fáil dóibh ina bhféadfaidís forbairt a dhéanamh agus a bheith rathúil. Mar thoradh air sin tá Coláiste Mhá Nuad éagsúil agus suimiúil mar ionad staidéir agus mar ionad oibre, agus tá sí ionchuimsitheach agus coláisteach mar phobal. Tá ceartas sóisialta agus cearta daonna curtha chun cinn againn le léann, teagasc, rannpháirtíocht agus abhcóideacht.

Táimid inár gceannaire náisiúnta maidir le rannpháirtíocht san oideachas ollscoile a leathnú. In 2017, bhí 15% dár mic léinn nua fochéime faoi mhíchumas; tháinig 28% acu ó ghrúpaí sóisialta a bhfuil tearcionadaíocht acu san ardoideachas; agus tháinig 47% acu ó theaghlaigh nach raibh cáilíocht ardoideachais ag ceachtar de na tuismitheoirí iontu. Mar thoradh air sin, tá an Ollscoil ina soláthraí deiseanna oideachais chomh maith le bheith ina gníomhaí ar son athrú sóisialta.

Is ar bhonn a gcuid gnóthachtálacha amháin a dhéanaimid idirdhealú idir mic léinn, agus tugaimid tacaíocht dóibh go léir chun na torthaí a bhaineann le cáilíocht ollscoile a bhaint amach. Is mór againn éagsúlacht na mac léinn agus na foirne atá againn agus an éagsúlacht tuiscentí agus eispéireas a thugann siad leo chuig ár n-institiúid. Táimid bródúil as a bhfuil curtha i gcrích againn maidir le hionchuimsitheacht agus as na deiseanna atá curtha ar fáil dá réir sin do mhic léinn neamhthraidisiúnta. Tá tuiscent againn ar chumhacht an oideachais, agus ar an gcumas atá aige an duine aonair agus an tsochaí a athrú. Dá bharr sin, creidimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an Ollscoil cothromaíoch agus ionchuimsitheach, agus go léireodh sí na luachanna sin ina gníomhaíochtaí féin agus ina habhcóideacht phoiblí.

Leon Diop, Uachtarán Aontas na Mac Léinn Ollscoil Mhá Nuad; Claire Shorten, Céimí Ollscoil Mhá Nuad; agus an Dochtúir Karen Herdman, Roinn na Ceimice

Tá an tiomantas don chomhionannas leabaithe i gcultúr agus in éiteas na hOllscoile. Is cúis bhróid dúinn ár ndualgas mar earnáil phoiblí a chomhlíonadh i dtaca le comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta daonna a chosaint. Baineann ceartas sóisialta agus comhshaoil le gach disciplín agus le gach clár laistigh den Ollscoil, agus ní le rochtain agus rannpháirtíocht mac léinn amháin a bhaineann siad, mar go spreagtar comhghleacaíthe chun ceisteanna a bhaineann le ceartas sóisialta agus comhshaoil a chur san áireamh sna próisis agus sna cleachtais a bhaineann le teagasc, foghlaim agus taighde, agus sna gnéithe d'obair na hOllscoile a bhaineann le riarachán agus oibríochtaí.

Tógann an straitéis seo ar an éiteas, ar an gcultúr agus ar na heispéiris atá againn agus ar a bhfuil bainte amach againn; agus déantar iarracht inti Ollscoil Mhá Nuad a bhunú mar ollscoil eiseamláireach maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, áit ina gcuireann an éagsúlacht agus an t-idirchultúrachas deiseanna ar fáil don fhoghlaím agus don léann.

Aithnímid go gcruthaíonn straitéis don fheabhas tríd an gcomhionannas agus tríd an éagsúlacht deiseanna taighde, agus gur féidir le taighde den scoth tacú leis na hathruithe cleachtais atá riachtanach chun go mbeadh pobail, eagraíochtaí agus sochaithe againn atá ionchuimsitheach amach is amach. Tugann taighde agus léann a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus idirchultúrachas deis straitéiseach don Ollscoil.



“Tá sé mar sprioc againn tógáil ar a bhfuil bainte amach go dtí seo againn agus a bheith mar ollscoil eiseamláireach maidir le comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus idirchultúrachas, agus go mbeadh ceartas sóisialta, aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas, agus daoine a chumasú ag croílár ár misin.”



6.1 Déanfaimid ár ndícheall – trínár dtiomantas do chearta daonna, do cheartas sóisialta agus don chomhionannas – a bheith mar ollscoil atá ionchuimsitheach go hiomlán, ollscoil ina ndéantar an léann agus an fhoghlaím a shaibhriú agus ina ndéantar an feabhas a chumasú tríd an éagsúlacht a bhaineann lenár bhfoireann agus lenár mic léinn.

1. Déanfaimid Leas-Uachtarán don Chomhionannas agus don Éagsúlacht a cheapadh, agus bunóimid struchtúr maoirseachta agus foireann ilréimsiúil do chur chun feidhme, chun comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus idirchultúrachas a chur chun cinn ar bhealach comhtháite ar fud phobal uile na hOllscoile.
2. Glacfaimid cur chuige a bheidh i bhfeidhm ar fud na hOllscoile lena áirithiú go gcuirfear na prionsabail a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus idirchultúrachas san áireamh i ngach gné a bhaineann le straitéis, beartas, próisis, córais agus feidhmeanna na hOllscoile.
3. Déanfaimid pleananna gníomhaíochta cuimsitheacha a fhorbairt maidir le comhionannas, i dtús báire sna réimsí tosaíochta a bhaineann le hinscne (ag tógáil ar phlean gníomhaíochta Athena SWAN), míchumas agus eitneacht.
4. Díreoidimid ar thorthaí trí tháscairí comhionannais agus éagsúlachta a chur san áireamh inár bpríomhtháscairí feidhmíochta agus inár bpróisis maidir le dearbhú cáilíochta/feabhsú cáilíochta.
5. Cuirfimid taighde agus léann i dtaca le comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus idirchultúrachas chun cinn.

6.2 Cuirfimid lenár dtaithí agus lena bhfuil bainte amach againn maidir le tacaíocht a thabhairt do rochtain, do rannpháirtíocht agus do rathúlacht mac léinn ó chúlraí éagsúla, agus leanfaimid den chlár reatha atá againn agus leathnóimid ár gcuid oibre chun aghaidh a tabhairt ar ghrúpaí eile a bhfuil bacainní rompu maidir le bheith rannpháirteach agus rathúil san ardoideachas.

1. Cuirfimid dlús leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Clár Rochtana Mhá Nuad (MAP) ar son na ngrúpaí sin a ndéanann sé freastal orthu faoi láthair (míbhuntáiste shocheacnamaíoch, míchumas, agus mic léinn lánfhásta) agus cuirfimid lenár gcuid oibre chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanaí atá ag grúpaí eile a bhfuil bacainní rompu maidir le rannpháirtíocht agus rathúlacht (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair, inimircigh agus teifigh, príosúnaigh agus iarchiontóirí, an Lucht Siúil agus Romaigh).
2. Glacfaimid cur chuige straitéiseach i dtaca le gníomhaíochtaí for-rochtana agus comhpháirteachais phoiblí agus díreofar níos géire ar phobail agus ar ghrúpaí a bhfuil na bacainní is mó rompu maidir le rannpháirtíocht san ardoideachas.
3. Déanfaimid na naisc idir MAP agus na ranna acadúla a bhfuil tiomantas faoi leith acu do rannpháirtíocht sa phobal (amhail Oideachas, Oideachas Aosach agus Pobail agus Staidéar Sóisialta Feidhmeach) a neartú
4. Oibreoidimid le chomhpháirtithe in earnálacha an Ard-Oideachais (HE) agus an Bhreiseoideachais (FE) chun an t-athrú ó FE go dtí HE a shoiléiriú agus a chuíchóiriú.


6.3 Tabharfaimid tacaíocht dár bhfoireann chun curaclaim, teagasc agus foghlaim a dhéanamh níos ionchuimsithí, níos idirnáisiúnta agus níos idirchultúrtha, agus oibreoidimid chun timpeallacht acadúil ionchuimsitheach a chruthú.

1. Déanfaimid creat a fhorbairt don teagasc ionchuimsitheach, cuirfimid na hacmhainní agus an tacaíocht ar fáil do chomhghleacaithe chun an creat a úsáid i ndeardh, i soláthar agus in athbhreithniú modúl agus clár, agus méadóimid an fheasacht ar an luach a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht, agus idirchultúrachas mar thacaíocht d'fheabhas acadúil agus do shaibhriú eispéireas foghlama na mac léinn go léir.
2. Cuirfimid tacaíochtaí sonracha i bhfeidhm chun go mbeidh ar chumas comhghleacaithe curaclaim, teagasc agus foghlaim a dhéanamh níos idirnáisiúnta agus níos éagsúla ó thaobh cultúir de.
3. Cruthóimid struchtúir agus deiseanna, curaclaim, comhchuraclaim agus seach-churaclaim, chun idirchultúrachas agus forbairt ar inniúlacht idirchultúrtha na mac léinn a chur chun cinn.

6.4 Déanfaimid Ollscoil Mhá Nuad a dheimhniú mar cheannaire náisiúnta maidir le comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn i measc na foirne.

1. Cuirfimid comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht chun cinn agus aird faoi leith againn ar inscne (lena n-áirítear trasinscne), stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, gnéaschlaonadh, aois, míchumas, creideamh, agus eitneacht.
2. Cuirfimid Plean Gníomhaíochta Athena Swan maidir le Comhionannas Inscne chun feidhme don Fhoireann Acadúil, agus déanfaimid Plean Cuimsitheach maidir le Comhionannas Inscne a chur chun feidhme don fhoireann ar fad, ar plean é a thabharfaidh aghaidh ar na moltaí a rinneadh san Athbhreithniú Náisiúnta ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ard-Oideachais in Éirinn a chuir an tÚdarás um Ard-Oideachas i gcrích agus ar na moltaí a rinne an Tascfhórsa um Chomhionannas Inscne san Ard-Oideachas agus ullmhóimid an Ollscoil chun iarratas a dhéanamh ar dhuais Airgid Athena Swan.
3. Díreoidimid ar bhantaighdeoirí agus ar bhanacadóirí den scoth a earcú agus a choinneáil, go háirithe i ndisciplíní agus ag gráid ina bhfuil tearcionadaíocht ag mná.
4. Déanfaimid córas faireacháin maidir le comhionannas san fhostaíocht a fhorbairt, tabharfaimid faoi phróifíl lucht oibre maidir le comhionannas san fhostaíocht agus cuirfimid sonraí maidir le comhionannas san fhostaíocht ar fáil go bliantúil.







7.

Teagasc agus foghlaim den scoth

Tá cáil ar Ollscoil Mhá Nuad, agus an cháil sin tuillte aici, maidir le teagasc den scoth agus an teagasc leis á threorú ag an taighde, rannpháirtíocht na foirne leis na mic léinn agus nuálaíocht oideachais. Déantar iarracht sa straitéis seo an t-eispéireas mic léinn is fearr is féidir a áirithiú tríd an dea-chleachtas a dhaingniú agus a scaipeadh, agus trí thacú le comhghleacaithe chun teagasc agus foghlaim a fhorbairt agus a fheabhsú, agus ag an am céanna tacú le pobal éagsúil mac léinn agus a ndúshlán a thabhairt agus idirghabháil phríomhshrutha a thabhairt isteach a bhainfidh anuas na bacainní atá roimh rannpháirtíocht, coinneáil agus rathúlacht foghlaimoírí. Tabharfaimid aitheantas agus tacaíocht don dea-chleachtas i gcúrsaí teagaisc agus déanfar é a fheabhsú trí fhorbairt ghairmiúil, agus aghaidh á thabhairt ar dhúshlán shonracha amhail teagasc grúpaí móra.

Tá sé mar aidhm againn go háirithe forbairtí a spreagadh san foghlaim atá cumasaithe go digiteach agus a bhfuil tacaíocht aici ón teicneolaíocht. Tá sé ar intinn againn urraíocht a dhéanamh ar thrí cinn de threoirthionscadail sa réimse seo agus tógfaimid ar an taithí a bheidh le fáil uathu sin chun straitéis shoiléir a bhunú don foghlaim sholúbtha agus don foghlaim chumaisc a bhaineann go sonrach le riachtanais agus le cuspóirí Ollscoil Mhá Nuad.

“Tá sé mar sprioc againn tacaíocht a bheidh chun tosaigh san earnáil a thairiscint don fhoireann maidir le forbairt leanúnach a dhéanamh ar a gcleachtas teagaisc agus foghlama ag gach leibhéal den oideachas ón leibhéal fochéime go dtí an leibhéal dochtúireachta.”



An Dochtúir Rosemary Monahan
Roinn na Ríomheolaíochta





7.1 Cuirfimid tuilleadh feabhais ar ár dtacaíochtaí d'fhorbairt an teagaisc agus do nuálaíocht i gcúrsaí foghlama.

1. Déanfaimid ár gcumas chun tacú le cultúr machnaimh agus le cultúr ina ndéantar an cleachtas maidir le teagasc agus foghlaim a fheabhsú ar bhonn leanúnach agus ina nglactar le modheolaíochtaí nuálacha a neartú trí shraith de sheimineáir agus de mháistir-ranganna agus chomh maith leis sin trí chlár forbartha gairme foirmiúil.
2. Bunóimid Ciste um Nuálaíocht sa Teagasc agus cuirfimid síneadh leis an gclár Comhaltachta Teagaisc chun urraíocht a dhéanamh ar chuir chuige nuálacha maidir le teagasc agus foghlaim a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne agus a bhféadfadh tionchar bunathraitheach a bheith acu agus chun tacú le taighde oideolaíoch.
3. Déanfaimid forbairt agus seoladh trí cinn de chlár chumaisc sa ríomhfhoghlaim a mhaoiniú sa tréimhse 2019-2021, agus bainfimid feidhm as an taithí a bheidh againn orthu sin chun Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Ollscoil Mhá Nuad don fhoghlaim chumaisc agus don ríomhfhoghlaim a fhorbairt.
4. Déanfaimid tuilleadh forbartha agus mionleasaithe ar an gcur chuige atá againn maidir le haiseolas agus faisnéis a bhailiú ó mhic léinn faoi éifeachtacht teagaisc, a bhfuil an fhianaise is fearr atá ar fáil ag cur bonn eolais faoi, agus é mar sprioc aige tacaíocht níos fearr a thabhairt do ranna chun feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim.
5. Déanfaimid na beartais atá againn agus a threoraíonn an teagasc agus an fhoghlaim a thabhairt le chéile agus a athbhreithniú chun creat aonair comhtháite maidir le Teagasc agus Foghlaim a chruthú.

8.

Na hEalaíona agus an cultúr

Is in Ollscoil Mhá Nuad atá ceann de na grúpaí scoláirí agus mac léinn is mó ar oileán na hÉireann i réimse na n-ealaíon, na ndaonnachtaí agus na n-eolaíochtaí sóisialta, agus déanann sí óstáil ar líon mór de ghníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha, ar ghníomhaíochtaí iad a eascraíonn as ár dtaighde agus as ár dteagasc agus a bhfuil dlúthbhaint acu leo. Tá sé ar intinn againn anois cur chuige straitéiseach a ghlacadh chugainn féin maidir le tuilleadh beochta a chur i saol intleachtúil agus cultúrtha na hOllscoile agus an réigiúin i gcoitinne trí rannpháirtíocht níos doimhne leis na healaíona. Tá trí phríomhchuid sa straitéis: clár leanúnach de ghníomhaíochta ealaíne comhordaithe a fhorbairt; sraith d'idirghabhálacha sa bhonneagar fisiciúil a phleanáil agus a chur chun feidhme; agus na healaíona a shocrú mar théama trasnaí laistigh de *Phlean Straitéiseach na hOllscoile 2018-22*.

“Tá sé mar sprioc againn clár nuálach ealaíon agus cultúir a shocrú mar chlár a bheidh lárnach i saol na hOllscoile, agus a chuirfidh beocht sa champas agus sa réigiún i gcoitinne.”





8.1 Déanfaimid tuilleadh forbartha ar na healaíona agus ar an gcultúr mar ghnéithe lárnacha dár dtaighde, dár dteagasc agus dár rannpháirtíocht, agus an fhorbairt sin dírithe ar chlár nuálach agus ar shraith d'idirghníomhaíochtaí fisiciúla bonneagair.

1. Tógfaimid ar na gníomhaíochtaí léinn atá ar bun againn faoi láthair agus ar an taithí atá againn sna hAmharc-Ealaíona, sa Cheol, sa Litríocht, sa Stair, i dTeangacha, sa Scannánaíocht, sna Meáin Idirghníomhacha, san Amharclannaíocht, sa Damhsa agus sa Dearadh chun clár agus bonneagar cuimsitheach a thógáil do na hEalaíona agus don Chultúr ag Ollscoil Mhá Nuad.
 - Nasctha lenár saineolas acadúil, oideachais agus ealaíne;
 - Dea-dheartha agus clár soiléir bliantúil aige;
 - Mar bhonn don taighde bunaithe ar chleachtas agus do chlár dhochtúireachta;
 - Mar mhodh chun a bheith rannpháirteach le pobail áitiúla agus réigiúnacha agus,
 - Ag fáil tacaíochta ó chomhpháirtithe réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta.
2. Déanfaimid clár Ealaíon agus Cultúrtha den scoth a chomhordú a bheidh:
 - Mar chuid bhunúsach de shaol na hOllscoile;
 - Mar chomhpháirt den oideachas in Ollscoil Mhá Nuad;
 - Mar bhealach chun an t-idirchultúrachas a chur chun cinn;
 - Mar dheis don phlé idir na healaíona agus na heolaíochtaí;
3. Déanfaimid sraith de spásanna fisiciúla idirnasctha a fhorbairt a bheidh tiomnaithe do na hEalaíona, iad lárnaithe ar thaobh abhainn an Laidhrín ach go mbeidh siad scaipthe ar fud an champais, agus go ndéanfaidh siad freastal ar phobal uile an champais agus go meallfaidh siad comhpháirtithe agus cuairteoirí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

9.

Daoine agus Eagraíocht

Tá rath leanúnach Ollscoil Mhá Nuad ag brath ar thiomantas agus ar ghairmiúlacht a cuid foirne. Tá cáil mhaith, agus cáil atá tuillte aici, ar an Ollscoil mar áit ionchuimsitheach chun a bheith ag obair inti. Agus aitheantas á thabhairt do na hathruithe suntasacha i dtaca le scála, cultúr agus próifíl na foirne le deich mbliana anuas, mar an Ollscoil is mó fás in Éirinn, sainítear sa straitéis seo an infheistíocht atá á phleanáil againn i ndaoine agus sinn ag tabhairt faoin gcéad chéim forbartha eile. Tá folláine agus meanma ár bhfoirne mar chuid lárnach de chúram na hOllscoile. Táthar ag iarraidh sa straitéis seo cultúr ár n-ionaid oibre, ar cultúr é ina bhfuil coláisteacht, rannpháirtíocht, ionchuimsitheacht, gairmiúlacht, agus feabhas oibríochta, ina n-aithnímid an tábhacht a bhaineann leis an gcothromaíocht idir riachtanais na hoibre agus riachtanais an tsaoil, a chaomhnú agus a fheabhsú. Déanfaimid infheistíocht i ndaoine trí chlár athnuaite d'fhorbairt foirne, cur chuige feabhsaithe maidir le haitheantas agus luach saothair, agus clár thacaíochta den scoth don fhoireann.

Déanfaimid ár gcumas ceannaireachta a leathnú agus ár seirbhísí acmhainní daonna a neartú lena áirithiú go bhfanfaimid freagrúil do na deiseanna a thiocfaidh chun cinn thar shaolré an phlean seo. Aithnímid an luach agus an buntáiste a bhaineann le teagmháil leis an bhfoireann agus leis na ceardchumainn a dhéanann ionadaíocht ar a son, agus tógfaimid ar ár samhail chomhpháirtíochta chun comhairliúchán agus teagmháil níos fearr a bhaint amach, agus aird againn ar na próisis agus ar na gnásanna éagsúla a bhaineann leis an gcleachtas sa chaidreamh tionsclaíoch. Dírítear sa straitéis freisin ar an timpeallacht oibre a fheabhsú, agus ár struchtúir, ár bpróisis, ár gcleachtais oibre agus ár dtimpeallacht fhisiciúil a bharrfheabhsú, agus é mar chuspóir againn tacú le feabhas teagaisc, taighde agus léinn, agus an choláisteacht láidir chomh maith leis an muintearas ar an gcampas a bhfuil Ollscoil Mhá Nuad aitheanta ina leith a choinneáil.



9.1 Cuirfimid timpeallacht ar fáil inar féidir leis an bhfoireann ar fad a bheith rathúil, forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh agus cur leis an Ollscoil agus le rathúlacht a cuid mac léinn agus a cuid léinn.

1. Tabharfaimid tacaíocht d'fhorbairt agus do dhul chun cinn ár bhfoirne:
 - Trí chreataí gairme agus conairí soiléire chun dul chun cinn a dhéanamh do gach aicme foirne;
 - Trí chrTrí chórais oiriúnacha maidir le bainistiú feidhmíochta agus le forbairt;
 - Trí chrTrí chlár foirmiúil ionductaithe agus meantóireachta don fhoireann acadúil, taighde agus tacaíochta atá ag tús a ngairme; agus,
 - Trí chrTrí infheistiú athnuaite shuntasach i meantóireacht agus i bhforbairt foirne do gach cuid agus do gach leibhéal den eagraíocht.
2. Cuirfimid beartas feabhsaithe agus comhtháite chun feidhme i dtaca le haitheantas agus luach saothair foirne, chun tacú le forbairt agus dul chun cinn na foirne agus le cuspóirí straitéiseacha na hOllscoile, lena n-áirítear:
 - Trí chrRéimse gradam chun seirbhís agus gnóhachtáil a aithint;
 - Trí chrPróisis feabhsaithe maidir le hardú céime acadúil agus babhtá rialta i gcomhair ardú céime;
 - Trí chrCreat gairme taighdeora;
 - Trí chrDeiseanna agus próisis atá soiléir agus oiriúnach d'athghrádú agus d'ardú céime maidir le foireann na leabharlainne, foireann na seirbhísí faisnéise, an fhoireann riaracháin, an fhoireann theicniúil, agus foireann na seirbhísí gairmiúla agus ginearálta.
3. Áiritheoidimid go mbeidh cothromaíocht chuí idir taighde, teagasc agus seirbhísí, trí athbhreithniú a dhéanamh ar shamhlacha d'ualach oibre acadúil, ar chleachtais oibre agus ar ghealltanais teagaisc chun go gcuirfidh gach comhghleacaí acadúil agus gach roinn an méid is féidir leis an teagasc agus leis an tseirbhís.
4. Déanfaimid suirbhé rialta a thionscnamh maidir leis an timpeallacht agus leis an gcultúr eagraíochtúil chun tuiscint níos fearr a fháil ar an eispéireas a bhaineann le bheith ag obair in Ollscoil Mhá Nuad agus freagairt dó, agus i ndiaidh gach suirbhé beidh pleananna gníomhaíochta soiléire againn chun aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn.
5. Cuirfimid cultúr eagraíochtúil dearfach chun cinn:
 - Trí chrTrí thacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht na foirne i bpróisis chinnteoireachta ionchuimsitheacha;
 - Trí chrTrí timpeallacht cholaísteach, chomhoibriúch, a thógáil i measc na foirne uile;
 - Trí chrTrí fhéilire bliantúil d'imeachtaí a bhunú chun plé trasrannach, comhroinnt dea-chleachtais agus nuálaíocht a spreagadh;
 - Trí chrTrí chlár a chruthú do Sheimineár um Nuáil Seirbhísí agus Dea-chleachtas;
 - Trí chrTrínár n-imeachtaí agus ár gclár maidir le rannpháirtíocht, sláinte agus folláine fostaithe a fheabhsú;
 - Trí chrTrí spásanna breise neamhfhoirmiúla oibre agus sóisialta a fhorbairt, ar spásanna iad inar féidir le comhghleacaithe comhoibriú agus tacaíocht a thabhairt dá chéile;
 - Trí chrTrí fheidhm an chaidrimh le fostaithe a neartú chun oibriú i gcomhar leis an bhfoireann agus lena gcuid ionadaithe chun tacú le comhghleacaithe sna dúshláin a bhaineann le fás agus athrú eagraíochtúil and,
 - Trí chrTrí nósanna imeachta a sholáthar don fhoireann, ar nósanna imeachta iad atá éifeachtach agus iontaofa maidir le gearáin agus réiteach díospóide.
6. Cuirfimid seirbhís Acmhainní Daonna feabhsaithe ar fáil chun tacú le fás agus forbairt straitéiseach na hOllscoile.

“Tá sé mar sprioc againn a bheith mar ionad oibre den scoth mar gheall ar na deiseanna a chuirimid ar fáil don fhorbairt léinn agus ghairmiúil i gcultúr atá éagsúil agus ionchuimsitheach.”



Trevor Vaughn (sa lár) Léachtóir Roinn na Nuálaíochta sa Dearthadh

9.2 Beimid dírithe ar an bhfoireann tacaíochta a chumasú chun forbairt mar ghairmithe agus chun iad féin a chur in oiriúint do riachtanais na hOllscoile, agus na riachtanais sin ag athrú.

1. Déanfaimid bainistíocht agus soláthar seirbhísí Ollscoile a ghairmiúlú tuilleadh, agus infheistíocht á déanamh againn san fhoireann agus i bhforbairt na foirne, agus cuirfear cultúr feabhais leanúnaigh chun cinn ar fud na n-aonad agus na bhfeidhmeanna riaracháin agus tacaíochta.
2. Ceapfaimid comhalta amháin d'Fheidhmeannacht na hOllscoile chun freagracht fhoriomlán a ghlacadh maidir le forbairt straitéiseach agus athrú a dhéanamh ar aonaid riaracháin agus tacaíochta na hOllscoile agus ar a cuid seirbhísí.
3. Déanfaimid struchtúr eagraíochtúil mairíse a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar struchtúr é a dhéanfaidh soláthar d'fheidhmiú éasca feidhmeanna aonair ach a thacaíonn freisin le foirne ilréimsiúla chun tograí móra, próisis shimplithe ghnó, agus seirbhísí comhtháite a sholáthar, ag úsáid cur chuige saolré.
4. Bunóimid Lárionad um Fheabhsú Caighdeán Próisis chun feabhas ar phróiseas gnó agus ar athdhearadh a chur chun cinn ar fud na hOllscoile, agus tacóimid le soláthar próiseas gnó atá cumasaithe go digiteach, barrfheabhsaithe agus simplithe agus samhlacha soláthair ar dea-chleachtas iad á n-úsáid againn.

9.3 Déanfaimid infheistíocht i struchtúir cheannaireachta agus bhainistíochta agus i bhforbairt atá oiriúnach do na dúshláin atá le sárú ag ollscoil nua-aoiseach, mheánmhéide.

1. Déanfaimid ár struchtúir maidir le ceannaireacht acadúil agus riaracháin a neartú agus a shoiléiriú chun tacú le feabhas oibríochtúil agus le hathrú oibríochtúil.
2. Cuirfimid clár ionductaithe, bhainistíochta agus cheannaireachta ar ardchaighdeán ar fáil do cheannasaithe roinne, institiúide agus aonaid, agus do bhainisteoirí agus ceannairí ionchasacha, lena n-áirítear clár forbartha saincheaptha do bhancheannairí.



Bailíonn foireann Ollscoil Mhá Nuad le chéile do chomóradh fiche bliain na hinstitiúide



10.

Claochlú Digiteach

Baineann claochlú digiteach le hathrú straitéiseach ón gcur chuige oidhreacht chuig bealaí nua oibre agus smainteoireachta, agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí reatha agus as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun cleachtais oibre a athrú agus a shimpliú. Cuireann sé nuálaíocht agus samhlacha nua don soláthar chun cinn, a chuimsíonn digitíú agus breis úsáide a bhaint as an teicneolaíocht chun eispéireas foirne, mac léinn agus páirtithe leasmhara a fheabhsú. Féadann teaglaim den fheabhas oibríochtúil agus den chlaochlú digiteach barrfheabhsú próisis agus feabhas leanúnach a chur chun cinn agus ag an am céanna cultúr cáilíochta, comhsheasmhachta agus iontaofachta a spreagadh i ngach seirbhís ar fud na hOllscoile.

Is é an cuspóir bunúsach atá aige saol foghlama agus oibre na mac léinn agus na foirne a fheabhsú, agus breis ama a shaoradh don taighde agus don teagasc. Dá bhrí sin, dírónn an straitéis ar fheabhas oibríochtúil, claochlú digiteach,

“Tá sé mar sprioc againn tacú le taighde, teagasc, rannpháirtíocht agus éifeachtacht institiúideach trí fheabhas oibríochtúil agus claochlú digiteach a chur chun cinn ar fud na hOllscoile.”



10.1 Déanfaimid acmhainn a fhorbairt i gcomhair feabhas oibríochtúil agus claochlú digiteach agus glacfaimid straitéis ‘tús áite ag an digitiú’ maidir le dearadh agus cur chun feidhme phróisis uile na hOllscoile.

1. Cuirfimid lenár gcumas próisis ghnó a bharrfheabhsú agus a shimpliú agus seirbhísí digiteacha a dhearadh, a chur chun feidhme agus a chlaochlú.
2. Glacfaimid straitéis ‘tús áite ag an digitiú’ maidir le gach próiseas de chuid na hOllscoile a dhearadh agus a chur chun feidhme.
3. Tógfaimid ar an saineolas atá ag Leabharlann Ollscoil Mhá Nuad agus ag Institiúid Taighde Mhá Nuad sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí chun bonneagar digiteach agus uirlisí sa bhreis a chur ar fáil don taighde agus don nuáil churaclaim.
4. Leanfaimid de bheith ag feabhsú na dteicneolaíochtaí teagasc agus foghlama, ar teicneolaíochtaí iad a bhuntacaíonn le soláthar ár gclár acadúil ar bhealach atá tarraingteach agus solúbtha, agus tabharfaimid tacaíocht do roinnt clár píolótach bunathraitheach chun an úsáid a bhainimid as an ríomhfhoghlaim agus as an fhoghlaim chumaisc a mhéadú.
5. Bunóimid straitéisí chun gach ceann de mhórchórais riaracháin na hOllscoile a fhorbairt, agus tabharfaimid tosaíocht do chóras faisnéise do mhic léinn a fhorbairt faoin mbliain 2020, ar córas é a thacóidh le nuáil agus solúbthacht feabhsaithe maidir leis an gcuraclam.
6. Tacóimid leis na mic léinn agus leis an bhfoireann chun teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go héifeachtacht sa teagasc, san fhoghlaim, i gcúrsaí taighde, sa nuálaíocht agus i gcúrsaí riaracháin.

10.2 Beidh cur chuige déach againn maidir le rialachas TF agus soláthar seirbhíse, cur chuige a sholáthróidh cothromaíocht idir an riachtanas a bhaineann le hoibríochtaí seasmhacha éifeachtacha agus an riachtanas a bhaineann le dlús a chur le nuáil dhigiteach chun tacú le spriocanna straitéiseacha na hOllscoile.

1. Cuirfimid atheagar ar fheidhm agus ar shamhail mhaoinithe na Seirbhísí TF chun tacú le cur chuige déach maidir le rialachas TF agus soláthar seirbhíse, agus cothromaíocht á haimsiú againn idir TF oibríochtúil (cobhsaíocht, slándáil agus cruinneas na gcóras reatha a bhainistiú) agus TF lúfar (ag díriú ar nuálaíocht, ar inoiriúnaitheacht agus ar luas chun réitigh nua a fhorbairt).
2. Áiritheoidh go mbeidh na seirbhísí TF agus digiteacha reatha cobhsaí, slán, cost-éifeachtúil, inbhuanaithe agus cothrom le dáta.
3. Cruthóimid ‘Mol don Nuáil Dhigiteach’ chun an nuáil dhigiteach, an táirgiúlacht, agus an comhar a chatalú agus chun tionscadail oiriúnacha a sheoladh mar thacaíocht don taighde agus don nuáil, don teagasc agus don fhoghlaim agus don rannpháirtíocht agus don fheabhas oibríochtúil.







11.

Cáilíocht, Pleanáil, Airgeadas agus Rialachas

Is iad an dearbhú cáilíochta agus an feabhsú is mó a chuireann straitéis institiúideach, éifeachtacht, nuálaíocht agus athrú chun cinn. Tá rathúlacht na hOllscoile ag brath ar dhearbhu cáilíochta agus ar phróisis feabhsaithe den scoth, agus iad nasctha le pleanáil straitéiseach, oibríochtúil agus airgeadais atá go maith, agus rialachas láidir. Tá fás suntasach tagtha ar an Ollscoil le deich mbliana anuas, agus tá sí tar éis infheistíocht a dhéanamh i ndaoine agus i mbonneagar chun tacú leis an bhfás sin: coinníodh cóimheas seasmhach idir foireann agus mic léinn agus tá méadú tagtha ar an spás acadúil in aghaidh an mhic léinn. Leanfaidh an Ollscoil ag fás sna deich mbliana seo amach romhainn, de bharr breis éilimh ar ár gcláir, ár misean chun rannpháirtíocht a mhéadú agus deiseanna foghlama a thairiscint, fás ar an daonra sa réigiún agus riachtanais náisiúnta foghlama agus scileanna. Tá sé fíor-riachtanach go mbeadh an fás sin pleanáilte agus go mbeadh acmhainní ar fáil dó, agus go n-úsáidfí é mar dheis chun an institiúid a fhorbairt go straitéiseach.

Cuireann an Ollscoil seirbhís iontach ar fáil don tsochaí, ach tá meath ag teacht ar mhuinín an phobail in institiúidí. Tá sé fíor-riachtanach ár luach agus an méid a chuirimid leis an tsochaí a léiriú inár n-iompar agus inár struchtúir rialachais agus iontaobh an phobail a thógáil.

Sa straitéis seo, táthar ag iarraidh na struchtúir agus na próisis atá againn maidir le pleanáil, airgeadas, agus rialachas a fheabhsú tuilleadh chun tacú leis an bhfás atá pleanáilte, le cumas taighde níos mó, le heispéireas mac léinn agus foirne den scoth agus le trédharcacht agus iontaobh an phobail.

“Tá sé mar sprioc againn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár bpróisis i ndáil le cáilíocht, pleanáil agus bainistíocht airgeadais chun tacú le fás, forbairt agus nuálaíocht, agus chun ár gcuid rathúlachta a áirithiú agus iontaobh an phobail a thógáil bunaithe ar dhea-rialachas.”



11.1 Déanfaimid fás na hOllscoile i dtreo próifíl rollaithe inmhianaithe a bhainistiú go cúramach.

1. Déanfaimid fás na hOllscoile a phleanáil sna cúig bliana seo amach romhainn i dtreo meascán inmhianaithe de réir disciplín, leibhéil (fochéim, iarcheim múinte, iarcheim taighde) agus modha (lánaimseartha agus páirtaimseartha) agus tagarmharcanna earnála agus comparadóirí idirnáisiúnta á n-úsáid againn.
2. Déanfaimid ár gcóimheas idir foireann agus mic léinn a thagarmharcáil ag leibhéal leathan disciplín in aghaidh ollscoileanna eile in Éirinn agus socrófar agus coinneofar sprioc-chóimheas oiriúnach idir foireann agus mic léinn.
3. Áiritheoidimid go mbeidh ár bpróisis i dtaca le planáil airgeadais agus ghnó agus ár bpróisis i dtaca le leithdháileadh acmhainní éasca a thuiscint, trédhearcach, agus go dtacóidh siad le cuspóirí straitéiseacha na hOllscoile, go háirithe fás planáilte, feabhas sa taighde agus sa léann, teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán, leathnú rannpháirtíochta agus méadú ar rolluithe iarcheime agus idirnáisiúnta.

11.2 Déanfaimid ár bpróisis maidir le dearbhú cáilíochta agus feabhsú cáilíochta a fheabhsú agus déanfaimid an nasc idir feabhsú cáilíochta agus planáil straitéiseach a neartú.

1. Bainfidimid feidhm as an athbhreithniú neamhspleách ar na próisis um dhearbhu cáilíochta/um fheabhsú cáilíochta ar a dtugtar CINNTE atá le teacht chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chultúr an fheabhsaithe leanúnaigh ar cháilíocht agus chun na naisc idir dearbhú cáilíochta agus planáil straitéiseach a chur ar bhonn foirmiúil ag leibhéal institiúide, dáimhe agus roinne.
2. Cuirfidimid próiseas do phleanáil straitéiseach chun feidhme ag leibhéal dáimhe, chun tacú leis an bhfás atá beartaithe don Ollscoil, comhar idir-rannach a chothú, feabhsú cáilíochta a chur chun cinn agus na próisis um dhearbhu cáilíochta/um fheabhsú cáilíochta a nascadh le planáil straitéiseach foirmiúil.
3. Bunóimid téamaí bliantúla i dtaca le feabhsú cáilíochta a dhíorthófar ó na moltaí sin laistigh d'athbhreithnithe cáilíochta ar féidir iad a chur i bhfeidhm níos fearr ag leibhéal dáimhe nó ollscoile..



11.3 Tógfaimid ar ghairmiúlacht ár bhfeidhmeanna airgeadais agus rialachais lena áirithiú gur lárionaid feabhais iad.

1. Déanfaimid tuilleadh forbartha ar ár mbeartais agus ar ár bpróisis maidir le planáil airgeadais, leithdháileadh acmhainní agus anailís riosca chun tacú le cinnteoireacht straitéiseach, leis an bhfás atá beartaithe don Ollscoil agus chun clár comhordaithe láidir a choinneáil.
2. Áiritheoidimid go mbeidh seirbhísí airgeadais Ollscoil Mhá Nuad ina n-ionad barr feabhais maidir le próiseáil idirbheart, rialú agus tuairisciú.
3. Beimid mar eiseamláir in earnáil an oideachais threasaigh maidir le rialachas agus trédhearcacht.

12.

Eastáit, Forbairt Chaipitil agus Máistirphlean an Champais

Tá an fhéiniúlacht faoi leith atá le brath inti ar cheann de na gnéithe sainiúla a bhaineann le hOllscoil Mhá Nuad. Tá dhá chéad bliain den stair agus den oidhreacht léirithe ar an gcampas atá á roinnt againn le Coláiste Phádraig. Tugann forbairt na hOllscoile deis leanúnach inti féin chun tírdhreacha foghlama speisialta a chruthú, agus cruthaíonn baile Mhaigh Nuad agus an Ollscoil le chéile pobal atá uathúil in Éirinn.

Le deich mbliana anuas, le tacaíocht ón Stát, tá infheistíocht shuntasach déanta ag an Ollscoil in áiseanna agus i mbonneagar chun tacú le pobal foghlaimeoirí atá ag dul i méid. Comhartha an fheiceálach den infheistíocht sin is ea soláthar áiseanna den chéad scoth amhail Scoil an Oideachais, foirgnimh Eolas agus Iontas, an Leabharlann nua agus an chéim is déanaí d'árais chónaithe na mac léin ar an gcampas. Beidh gá le forbairt shuntasach chaipitil sa bhreis sna cúig bliana seo amach romhainn, rud a chuirfidh deis ar fáil chun an campas a athrú ó bhonn, an eispéireas a bhaineann le bheith ag maireachtáil, ag foghlaim agus ag obair anseo a shiaibhriú tuilleadh, agus áis a fhorbairt do na pobail áitiúla agus réigiúnacha. Tá Máistirphlean Campais glactha chuici féin ag an Ollscoil chun an fhorbairt sin a threorú, ina dtacaítear leis an misean acadúil, atá bainteach le daoine, cláir agus áiteanna, agus a thógann ar an oidhreacht shiaibhir agus ar an mbithéagsúlacht a bhaineann lenár suíomh i bhfearann páirce, chun timpeallacht foghlama agus taighde a chruthú atá inbhuanaithe agus inspioráideach.

Ag croilár na straitéise seo tá cur chun feidhme an Mháistirphlean sin don champas chomh maith le cur chun feidhme an chláir forbartha caipitil atá gaolmhar leis chun eispéireas na mac léinn agus na foirne a fheabhsú, chun disciplíní a neartú agus ag an am céanna idirghníomhaíocht láidir idirdhisciplíneach a chatalú, agus féiniúlacht agus sainiúlacht uathúil a bhunú d'Ollscoil Mhá Nuad, agus tacú le fás i líon na mac léinn, oideachas céimithe, idirnáisiúnú, rannpháirtíocht chultúrtha agus comhar le comhpháirtithe seachtracha.

“Tá sé mar sprioc againn timpeallacht bheoga, inbhuanaithe a chur ar fáil ar an gcampas, timpeallacht ina mbeidh saibhreas cultúir, oidhreacht agus dúlra, le háiseanna nua-aoiseacha, ionchuimsitheacha agus bonneagar a bheidh ag teacht leis na riachtanais a bheidh ag pobal mac léinn, ag foireann agus ag cuairteoirí agus a líon sin ar fad ag dul i méid, agus déanfaimid é sin tríd an Máistirphlean agus an clár forbartha caipitil atá againn don champas a chur chun feidhme..”

Cuirfidh OMN deireadh le hobair foirgníochta ar an Lár-Ionad Idirnáisiúnta do Theicneolaíocht na hEolaíochta agus don Nuálaíocht, deartha ag RKD Architects, i 2020.



12.1 Déanfaimid infheistíocht in áiseanna agus i mbonneagar an champais, de réir plean caipitil cúig bliana, chun na riachtanais foghlama, taighde, chultúrtha, shóisialta agus fóillíochta a bheidh ag pobal an champais a shásamh agus an campas sin ag fás agus chun tacú le rannpháirtíocht sa réigiún i gcoitinne.

1. Cuirfimid críoch le clár céimnithe cúig bliana um fhorbairt chaipitil, faoi threoir mháistir phlean an champais, ar mhaithe le spásanna taighde agus foghlama, chomh maith le háiseanna agus bonneagar a sholáthar mar thacaíocht don fhás ar rollú atá beartaithe agus d'fhorbairtí sa taighde, sa teagasc agus san fhoghlaim.
2. Déanfar soláthar dóibh seo a leanas sa chlár forbartha caipitil:
 - Foirgneamh acadúil nua a osclóidh don bhliain acadúil 2020/21;
 - Athchóiriú ar sheanfhoirgnimh agus díchoimisiúnú agus athsholáthar áiseanna nach bhfuil oiriúnach don fheidhm a thuilleadh.
 - Líonra de spásanna agus d'ionaid ealaíon;
 - Réimse de spásanna neamhfhoirmiúla foghlama, sóisialta, cruinnithe agus pobail a bhfuil cuidiú teicneolaíochta acu
 - Ionad Mac Léinn nua;
 - Réimse d'áiseanna nua agus feabhsaithe don spórt agus don aclaíocht áineasa and,
 - 1,000 leaba breise de lóistín mac léinn ar an gcampas.
3. Cuirfimid iniúchadh rochtana agus ionchuimsitheachta i gcrích ar fud an champais agus déanfaimid plean cur chun feidhme costáilte a fhorbairt chun oibleagáidí dlíthiúla agus an riachtanas straitéiseach a bheith mar champas ionchuimsitheach a shásamh.
4. Agus an clár caipitil á chur chun feidhme againn sna cúig bliana seo amach romhainn, éascóimid, chomh fada agus is féidir agus is cuí, comhshuíomh disciplíní gaolmhara chun tacú le comhar idir-rannach agus le hobair idirdhisciplíneach.
5. Leanfaimid de bheith ag neartú seirbhísí campais agus oibríochtaí forbartha.



Osclóidh Ionad na Mac Léinn nua, deartha ag Scott Tallon Walker Architects, do mhic léinn OMN i 2021.

12.2 Cuirfimid Máistirphlean an Champais agus straitéis na ríochta poiblí chun feidhme chun timpeallacht champais atá inspioráideach agus inbhuanaithe a chruthú.

1. Déanfaimid forbairt, i gcomhpháirtíocht le Coláiste Phádraig Má Nuad, ar an tírdhreach agus ar an bhfearann páirce stairiúil atá againn chun ríocht poiblí bheo a chruthú i gcampas gairdineach bithéagsúil agus inbhuanaithe a bheidh mar shuíomh inspioráideach don fhoghlaim agus don léann.
2. Agus an campas á fhorbairt agus á bhainistiú againn, beimid ag iarraidh a bheith mar shamhail atá aitheanta go hidirnáisiúnta maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus ceartas comhshaoil, agus leanfaimid de bheith ag tacú leis an obair den scoth atá á déanamh ag tionscnamh Champas Glas Má Nuad.
3. I gcomhar le comhpháirtithe seachtracha, tógfaimid naisc níos láidre idir an campas agus an pobal, agus bunóimid an Ollscoil mar acmhainn don phobal áitiúil agus don phobal réigiúnach.

13.

Cumarsáid, Céimithe agus Daonchairdeas

Tá Ollscoil Mhá Nuad ar an ollscoil is óige in Éirinn, agus tá cáil mhór uirthi de bharr a cuid taighde agus a cuid léinn, de bharr nuálaíochta agus aistriú eolais, punann fochéime, rannpháirtíocht a leathnú, agus pobal campais atá ionchuimsitheach agus coláisteach. Tá ár gcéimithe éagsúil agus thar a bheith tacúil. Mar sin féin, níl pictiúr cuimsitheach de chineál, gníomhaíochtaí, tionchar agus luach Ollscoil Mhá Nuad fréamhaithe go hiomlán in intinn an phobail go fóill againn, agus d'fhéadfaimis níos mó a dhéanamh chun caidreamh a bhunú lenár gcéimithe agus iad a spreagadh chun tacaíocht a thabhairt don Ollscoil.

Cuirfidh an straitéis seo cur chuige níos córasaí chun cinn maidir le cumarsáid, céimithe agus forbairt chun:

- Próifíl Ollscoil Mhá Nuad a ardú, ag díriú go háirithe ar ár dtaighde agus ár gcuid léinn, ár n-oideachas iarchéime, ár rannchuidiú agus ár rath sna heolaíona, sna daonnachtaí, sna heolaíochtaí sóisialta, sa ghnó, sa dlí san oideachas, san eolaíocht agus san innealtóireacht;
- Caidreamh níos fearr a bhunú lenár gcéimithe agus iad a nascadh le chéile agus leis an Ollscoil ar bhealach níos fearr; agus,
- Maoiniú daonchaidiúil a bhailiú chun tacú le tionscnaimh atá nuálach agus tábhachtach.



13.1 Tógfaimid ar ár n-éiteas coláisteach agus ar an gcáil iontach atá orainn le próisis chumarsáide inmheánacha níos struchtúrtha agus cumarsáid straitéiseach sheachtrach agus margaíocht.

1. Leanfaimid den aistriú chuig straitéis chumarsáide a mbeidh níos mó den réimse digiteach ag baint léi agus a bheidh dírithe ar mhéadú a dhéanamh ar an bhfeasacht agus ar an tuiscint atá ar ár dtreo straitéiseach agus ar ár rathúlacht, ár dtaighde agus ár gcuid léinn, ár gclár mhúinte, ár dtairiscintí idirnáisiúnta, agus ár ndeiseanna i gcomhair rannpháirtíochta—go seachtrach agus go hinmheánach.
2. Cuirfimid feabhas ar na próisis a bhaineann le cumarsáid inmheánach agus le comhar.
3. Ardóimid próifíl phoiblí na hOllscoile trí mhargaíocht spriocdhírthe, caidreamh leis na meáin agus leis an bpobal, agus béim á leagan againn ar na gníomhaíochtaí taighde, iarchéime, rannpháirtíochta, éagsúlachta agus idirnáisiúnta chomh maith le caighdeán ár gclár múinte agus an luach níos forleithne atá á chur ar fáil againn don tsochaí.

13.2 Déanfaimid ár gcéimithe a chur chun cinn agus bunóimid caidreamh leo ar bhealach córasach, á nascadh le chéile agus leis an Ollscoil, agus bainfimid leas as ár gcéimithe agus as an daonchairdeas chun tacú le spriocanna na hinstitiúide.

1. Neartóimid ár gclár um chaidreamh le céimithe, agus aitheantas á thabhairt againn don fhoireann a bhíonn ar chéimithe leanúint den fhoghlaím agus nasc intleachtúil a choinneáil leis an Ollscoil chomh maith le naisc ghairmiúla a choinneáil lena chéile.
2. Déanfaimid céimithe a spreagadh chun tacú le hinfhostaitheacht céimithe trí ghníomhú mar eiseamláirí agus mar mheantóirí, ag cruthú grúpaí dáimhe, agus ag tairiscint socrúchán oibre.
3. Méadóimid ár gcumas chun airgead a bhailiú agus gheobhaimid maoiniú breise ó dhaonchairde chun tacú le tosaíochtaí straitéiseacha na hOllscoile.

“Tá sé mar sprioc againn léargas soiléir, cruinn a thabhairt ar ghníomhaíochtaí agus ar luach na hOllscoile agus a áirithiú go bhfanfaidh céimithe agus cairde na hOllscoile nasctha linn agus go mbeidh fonn orthu tacú leis an institiúid.”



